Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Iúil 2025
(OR. en)

11771/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0550 (COD)

CULT 87
AUDIO 67
FREMP 211
CODEC 1050
CADREFIN 113
FIN 901
IA 93
JEUN 202
EDUC 331
CULT HERIT 9
SOC 535
GENDER 165
DIGIT 149
DATAPROTECT 162
ANTIDISCRIM 75
SAN 473
IND 286
COMPET 761
PROCIV 103
HYBRID 97
DISINFO 67
JAI 1102
SERVICES 33
POLGEN 96
MI 559
RELEX 1031
INF 118
COPEN 225
JUSTCIV 136
DROIPEN 89

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 550 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár 'AgoraEU' le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 550 final.

Faoi iamh: COM(2025) 550 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 550 final

2025/0550 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an clár 'AgoraEU' le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818**

{SEC(2025) 547 final} - {SWD(2025) 550 final} - {SWD(2025) 551 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is pobal luachanna é an tAontas Eorpach atá fréamhaithe i stair agus féiniúlacht na hEorpa agus atá neadaithe i gConradh an Aontais. Mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), tá siad i gcoiteann i gcás na mBallstát uile agus cuimsítear leo an daonlathas, meas ar chearta an duine, neamh- idirdhealú, comhionannas, an smacht reachta agus iolrachas, agus tá an éagsúlacht chultúrtha, saoirse chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán agus ealaíonta, cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh freisin.

Le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na saoránach, trédhearcacht agus cuntasacht i gcinnteoireacht, chomh maith le hurraim do chearta bunúsacha agus an smacht reachta, rannchuidítear le beogacht an daonlathais Eorpaigh. Tá ról ríthábhachtach ag na meáin chun tuairimí an phobail agus díospóireacht shaor a chothú. Tá ábhar closamhairc agus gach cineál léirithe ealaíonta, cultúrtha agus chruthaithigh eile, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha, fíor- riachtanach d'éagsúlacht na hEorpa agus chun athléimneacht shochaíoch agus comhthuiscint a chruthú. Lasmuigh dá luach intreach agus dá dtionchar sóisialta, is spreagthaí cumhachtacha iad don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus don iomaíochas, don nuálaíocht agus don fhostaíocht, agus don chumhacht bhog, rud a fhágann go bhfuil siad fíor- riachtanach do thodhchaí na hEorpa.

Baineann tábhacht idirghabháil airgeadais an Aontais sna réimsí sin lena gcumas chun rialachas ionchuimsitheach agus rannpháirteach a chothú, saoránacht eolasach agus ghníomhach a éascú, cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn, comhionannas agus neamh- idirdhealú a chur chun cinn, agus éagsúlacht chultúrtha agus gach cineál léirithe ealaíonta a cheiliúradh. Tá earnálacha rathúla cruthaitheacha agus meán na hEorpa, a tionscal closamhairc agus saibhreas a cultúr agus a hoidhreachta lárnach dá féiniúlacht. Mar sin féin, tá dúshláin thromchúiseacha roimh na réimsí beartais sin a n-éilítear freagairt iomlánaíoch ón Aontas ina leith.

Luachanna an Aontais is ábhar do bhrúnna inmheánacha agus seachtracha, amhail dúshláin don smacht reachta, neamhionannais, idirdhealú, sáruithe ar chearta bunúsacha, laghdú ar iontaoibh as institiúidí daonlathacha chomh maith le hiontaoibh lagaithe as próisis dhaonlathacha. Tá neamhionannais struchtúracha fós ann chomh maith le foréigean agus idirdhealú ar fhorais a bhaineann le gnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, a léirítear go minic i gciníochas agus cineálacha eile éadulaingthe. Idir an dá linn, déantar ról traidisiúnta eagraíochtaí sochaí sibhialta neamhspleácha a cheistiú maidir leis na treochtaí sin a fhrithchothromú, agus sin de dheasca lagú tacaíochta airgeadais agus polaitiúla.

Tá tionscail mheán na hEorpa ina n-eiseamláir den cháilíocht agus den chruthaitheacht, ach sa lá atá inniu ann tá siad in iomaíocht le hardáin dhomhanda ar líne chun aird na saoránach agus tomhaltóirí a fháil. Tá scaipeadh ábhar closamhairc an Aontais fós ilroinnte ar bhonn náisiúnta, agus gabhann gníomhaithe, nach gníomhaithe den Aontas iad, an chuid is mó de na síntiúis oifige ticéad agus sruthaithe. Cé go bhfuil bonn láidir bainte amach ag tionscal na bhfíschluichí sa chultúr digiteach comhaimseartha (imríonn níos mó ná leath de dhaonra an Aontais físchluichí go tráthrialta), tá margadh físchluichí an Aontais fós faoi cheannas iomaitheoirí domhanda den chuid is mó. Ar deireadh, tá sláine an spáis faisnéise i mbaol mar gheall ar scaipeadh bréagaisnéise agus méadú a bheith ag teacht ar ionramháil agus cur

isteach eachtrach ar fhaisnéis ó ghníomhaithe naimhdeacha, amhail an Rúis. Is measa fós na bagairtí ar iolrachas na meán mar gheall ar fheiniméin amhail comhchruinniú úinéireacht na meán. An tráth céanna, tá laghdú ag teacht ar ioncam agus díolacháin fógraíochta, ós rud é go bhfuil sciar méadaitheach den ioncam agus nósanna tomhaltais múnlaithe ag iomaitheoirí digiteacha. De thoradh na dtosca sin uile, tá inmharthanacht na meán faoi bhrú.

Tá an cultúr agus earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta san Aontas ilroinnte chomh maith ar bhonn náisiúnta agus teanga, rud a léiríonn ár n-éagsúlacht shaibhir. Leis sin cuirtear teorainn leis an gcomhar ealaíonta trasnáisiúnta, le haimsiú lucht féachana agus éisteachta, le forbairt cleachtas nuálach, chomh maith le hathléimneacht agus acmhainneacht na n-earnálacha le haghaidh iomaíochais, agus folláine na sochaí a neartú. Tá deacrachtaí ag gairmithe earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta oibriú thar theorainneacha agus rochtain a fháil ar dheiseanna agus margaí nua, rud a ghéaraíonn míchothromaíochtaí geografacha agus a laghdaíonn scaipeadh saothar cultúrtha Eorpach. Leis an tsoghluaisteacht agus leis an gcomhar trasteorann teoranta sin cuirtear bac ar líonrú, barainneachtaí scála, saineolas a chomhthiomsú, agus comhchruthú, agus tá gach ceann acu sin ríthábhachtach chun gairmeacha agus earnálacha cultúir agus cruthaitheachta a chothú. Idir an dá linn, tá bagairtí roimh oidhreacht chultúrtha shaibhir na hEorpa ó mheascán de shrianta buiséadacha, leochaileacht i leith truailliú, an athraithe aeráide agus tubaistí nádúrtha, chomh maith le míleithreasú nó scriosadh.

Ar deireadh, tá spleáchais theicneolaíocha choiteanna ag earnálacha na sochaí, na cruthaitheachta, an chultúir agus na meán agus d'fhéadfaidís tairbhiú de ghníomhaíochtaí coiteanna. Tá tionchar ag laigí airgeadais orthu chomh maith le bacainní ar mhaoiniú a rochtain, deacrachtaí maidir le nuálaíocht fheidhmeach a úsáid agus a ghlacadh, easpa oiriúnaithe do thacair nua scileanna agus claochlú digiteach. Idir an dá linn, tá tionchar méadaitheach ag mórchuideachtaí teicneolaíochta, nach mórchuideachtaí de chuid an Aontais iad, ar an tírdhreach sibhialta, meán agus cultúrtha, rud a mhúnlaíonn tomhaltas ábhair trí mholtaí algartamacha, dáileadh uathoibrithe agus ábhar arna ghiniúint ag IS.

Is dúshláin de chineál trasnáisiúnta iad sin nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach gan réitigh, comhordú, stiúradh agus tacaíocht chomhpháirteach ar leibhéal an Aontais. Is féidir le gníomhaíochtaí an Aontais a bheith ina gcuidiú le comhar, fothú acmhainneachta agus foghlaim fhrithpháirteach a chumasú, chomh maith le hacmhainneacht na n-earnálacha sin a bharrfheabhsú agus a chomhcheangal chun rannchuidiú le fás eacnamaíoch, forbairt shochaíoch agus éagsúlacht chultúrtha.

Trí chláir chistiúcháin éagsúla i gcaitheamh na mblianta is amhlaidh a soláthraíodh tacaíocht ón Aontas chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin lena ndéantar difear don chultúr, na meáin agus comhionannas, na saoránaigh, cearta agus luachanna an Aontais. I gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021- 2027, le **hEoraip na Cruthaitheachta** tugadh aghaidh ar thacaíocht don chultúr, d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus do na tionscail chlosamhairc, agus é de chuspóirí aige sin éagsúlacht agus oidhreacht chultúrtha agus teanga na hEorpa a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn agus rannchuidiú le hiomaíochas na n-earnálacha sin, go háirithe an earnáil closamhairc. Idir an dá linn, bhí cur chun cinn agus cosaint chearta agus luachanna an Aontais mar a chumhdaítear sna Conarthaí, sa Chairt agus sa choinbhinsiún idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta an duine ina n-ábhar go príomha don chlár **um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna** (CERV). Le CERV tacaíodh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear an pobal, ina gcuid oibre chun luachanna an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn. Bhí tacaíocht an Aontais i réimsí áirithe, amhail na meáin nuachta agus cur i gcoinne na bréagaisnéise, ilroinnte ar fud cláir éagsúla. Áiríodh sa snáithe

trasearnálach d'Eoraip na Cruthaitheachta gníomhaíochtaí sonracha maidir le hiolrachas sna meáin, litearthacht agus comhar sna meáin, agus leis na **Gníomhaíochtaí ilmheán** tacaíodh le faisnéis a sholáthar maidir le hábhair an Aontais. Go dtí seo, is tríd an gclár don **Eoraip Dhigiteach** a cistíodh dul i ngleic leis an mbréagaisnéis.

Is é is aidhm do thogra CAI 2028- 2034 aghaidh a thabhairt ar 'castachtaí, laigí agus dolúbthacht' atá i mbuiséad an Aontais faoi láthair, agus soláthraítear leis creat atá níos dírithe agus níos simplí, ag a bhfuil níos lú clár agus ag a bhfuil cláir a bhfuil níos mó tionchair acu. Ar an gcúis sin, agus chun go méadófar solúbthacht agus cumas an bhuiséid freagairt do réaltachtaí atá ag athrú agus d'fhadhbanna atá ag teacht chun cinn, leis an togra seo féachtar le hidirghabháil an Aontais a chuíchóiriú i réimsí an chultúir, na meán agus an chomhionannais, na saoránach, ceart agus luachanna, agus leas á bhaint as naisc agus sineirgí i gcás inarb ábhartha, agus suntasacht agus riachtanais shonracha gach ceann de na réimsí beartais sin á n-urramú an tráth céanna.

I réimse an chomhionannais, na saoránach, ceart agus luachanna, beidh an togra ina rannchuidiú le seasamh leis an daonlathas agus an smacht reachta, cearta bunúsacha agus comhionannas, leis an idirdhealú a laghdú agus leis an tsochaí shibhialta a chumhachtú. Leis an gClár nua rannchuideofar freisin leis an gcomhrac in aghaidh foréigean inscnebhunaithe, foréigean in aghaidh leanaí agus grúpaí eile atá i mbaol. Ina theannta sin, beidh sé ina rannchuidiú le hathléimneacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú.

Tá na meáin ina spreagadh do luachanna daonlathacha, éagsúlacht chultúrtha agus fás eacnamaíoch. Le hearnáil na meán cuimsítear *inter alia* ábhar amhail scannáin, sraitheanna, físchluichí, nuacht agus faisnéis, réaltacht thumthach agus ilmheáin, chomh maith le seirbhísí lena n-áirítear taispeántas amharclannaíochta, craoltóireacht teilifíse agus raidió, foilsitheoireacht chlóite agus ar líne, físeáin ar líne agus podchraoltaí. Chun bheith ábhartha go sóisialta, is gá tionscail an chlosamhairc agus na meán a bheith athléimneach agus iomaíoch. Leis an togra tacófar le spás meán agus closamhairc atá saor, iomaíoch agus éagsúil. Ar thaobh amháin, feabhsófar leis léiriú, scaipeadh, saothrú maoine intleachtúla agus tomhaltas saothar closamhairc agus cineálacha eile ábhair meán, amhail cluichíocht. Ar an taobh eile, beidh sé ina rannchuidiú le hinmharthanacht agus iolrachas an mhargaidh faisnéise a chosaint, go háirithe trí thacú leis na meáin nuachta agus neamhspleáchas na meán, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Beidh sé ina rannchuidiú freisin le dul i ngleic leis an mbréagfhaisnéis agus le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis.

Is sócmhainní iontacha don Eoraip iad an cultúr agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, rud a léiríonn íomhá d'ilchríoch dhinimiciúil ar an ardán domhanda. Agus *inter alia* taibhealaíona, litríocht agus foilsitheoireacht leabhar, ceol agus na hamharc- ealaíona, oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe, ailtireacht, cartlanna, leabharlanna agus músaeim, ceardaíocht agus dearadh ealaíonta á gcuimsiú acu, táirgeann siad bríonna ar mheáin éagsúla agus trí fhormáidí iomadúla. Beidh idirghabháil an Aontais i réimse an chultúir ina rannchuidiú le cruthú agus comhar cultúrtha trasteorann, rannpháirtíocht chultúrtha agus inrochtaineacht ar éagsúlacht léirithe cultúrtha Eorpacha a mhéadú agus leis an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a chaomhnú. Beidh an togra ina chuidiú freisin le scaipeadh éagsúlachta saothar cultúrtha agus soghluaisteacht gairmithe a mhéadú, chomh maith le hionchuimsitheacht agus cothroime idirghlúine a chur chun cinn tríd an gcultúr. Ar deireadh, leis sin neartófar na gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus seachtracha d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

Ar deireadh, ba cheart don Aontas sineirgí a chur chun cinn i measc na meán, an chultúir agus na sochaí sibhialta, agus eintitis phoiblí agus phríobháideacha á dtabhairt le chéile chomh maith le comhar trasearnála agus nuálaíocht á gcur chun cinn, chun aghaidh a thabhairt ar

dhúshláin choiteanna agus rannchuidiú le hathléimneacht shochaíoch agus rannpháirtíocht dhaonlathach.

Ar an mbonn sin, trí idirghabháil mhaoiniúcháin an Aontais is fearr is féidir na scéimeanna atá ann cheana a fheabhsú agus a mhéadú, ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar dhúshláin thrasnáisiúnta, agus bearnaí nach féidir aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal na mBallstát a líonadh. Tríd sin soláthrófar freisin comhleanúnachas níos leithne agus ailíniú níos fearr idir beartas rialála agus ionstraimí cistiúcháin, agus idir beartais inmheánacha agus sheachtracha chomh maith leis sin. Dá bhrí sin, beidh an togra ina rannchuidiú le sochaithe, meáin agus cultúr na hEorpa a threisiú, agus leis sin cothófar luachanna agus rannpháirtíocht dhaonlathach an Aontais agus cuideofar le leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an Aontais mar fhoinse dul chun cinn, forbartha inbhuanaithe agus fáis.

Tá na réimsí beartais a chumhdaítear leis an togra dlí seo fréamhaithe go daingean i gConarthaí an Aontais, lena soláthraítear na bunúis dlí do ghníomhaíocht an Aontais trí chláir chistiúcháin an Aontais, agus tá siad ina rannchuidiú le cuspóirí fadtéarmacha an Aontais. Foráiltear leis an togra gurb é an 1 Eanáir 2028 an dáta cur i bhfeidhm.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

*Cearta bunúsacha, luachanna an Aontais agus an daonlathas*

Tá an togra go hiomlán i gcomhréir le **Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,** agus le creataí beartais agus reachtacha ábhartha uile an Aontais i réimse an chomhionannais agus an neamh- idirdhealaithe. Tá sé ina rannchuidiú freisin le **straitéis Aontas an Chomhionannais.** Croí- uaillmhian de chuid an Aontais Eorpaigh is ea a áirithiú, trí chur chuige ilpháirtí leasmhar agus idirearnálach, gur féidir le gach duine, gan beann ar inscne, cine, eitneacht, míchumas, gnéaschlaonadh, aois, reiligiún nó creideamh, maireachtáil saor ó idirdhealú agus a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí.

Tá gealltanas an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcomhionannas fréamhaithe i neart príomhphleananna cumarsáide agus gníomhaíochta. I Straitéis 2020 an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Comhionannas Daoine LADTIA agus i Straitéis 2021 um Chomhionannas Inscne, leagtar béim ar thiomantas an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus an comhionannas a chur chun cinn i ngach gné den tsochaí. Déanfar an dá straitéis a athnuachan, de réir mar a thiocfaidh deireadh leis na straitéisí atá ann faoi láthair in 2025. Comhlánaítear iad sin le Straitéis Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, 2026- 2030, atá ar na bacáin, le Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach (2020- 2030), leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas (2021- 2030), agus le Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, le Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú (2021- 2030) agus leis an snáithe oibre maidir le fuath frith- Mhoslamach a chomhrac. Tá an Straitéis Cothroime Idirghlúine atá ar na bacáin ábhartha sa chomhthéacs sin freisin.

Forbraíodh an chéad chreat cuimsitheach de chuid an Aontais maidir leis an daonlathas tríd an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, 2020, pacáiste beart 2021 chun an daonlathas a threisiú agus sláine na dtoghchán a chosaint agus an Pacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais, 2023, i sineirge leis an bPlean Gníomhaíochta Seachtraí maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, 2020- 2027. Leis an reachtaíocht is déanaí sa chomhthéacs sin áirítear an Rialachán maidir le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla, agus dlí an Aontais maidir le daoine a ghabhann do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar mhaímh atá gan bhunús go follasach nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha ('cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí').

Leis an **Sciath Eorpach don Daonlathas** atá ar na bacáin, féachfar leis an daonlathas agus leis an athléimneacht dhaonlathach a chosaint agus a neartú a thuilleadh. Féachfar léi le haghaidh a thabhairt ar bhagairtí méadaitheacha ar institiúidí, córais agus próisis dhaonlathacha laistigh den Aontas agus le hiontaoibh agus rannpháirtíocht na saoránach sa daonlathas a fheabhsú. Le **Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta** atá ar na bacáin, féachfar leis an tsochaí shibhialta a chosaint agus a chumhachtú a thuilleadh, rud a thabharfaidh comhartha láidir aitheantais don obair a dhéanann an tsochaí shibhialta agus dá rannchuidiú le beartais an Aontais.

*Na meáin agus an earnáil closamhairc*

Leis an togra dlíthiúil seo cuirtear freisin le creat an Aontais maidir leis na meáin agus leis an gclosamharc, ina dtacaíonn rialáil, cistiú agus beartais go héifeachtach le chéile, rud a éascaíonn, dá réir sin, díospóireacht dhaonlathach, rud a shaibhríonn ár gcultúr, agus rud a spreagann an claochlú digiteach le gníomhaithe meán iomaíocha an Aontais.

Beidh sé ag gabháil le beartais mhargadh aonair an Aontais in earnálacha an chlosamhairc agus na meán, agus lena dhearadh comhlánófar agus treiseofar na hionstraimí reachtacha atá ann cheana. Leis **an Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc (AVMSD)**, leagadh síos comhchreat rialála le haghaidh seirbhísí meán closamhairc ar fud an Aontais, lena n-áirítear forálacha amhail saothair Eorpacha agus neamhspleácha a chur chun cinn, mionaoisigh a chosaint agus fógraíocht chlosamhairc a rialáil. I dteannta AVMSD, leis an gClár beartaithe neartófar acmhainneacht gníomhaithe closamhairc Eorpacha saothair a mhaoiniú, a léiriú agus a scaipeadh ar féidir leo a bheith infheicthe go leordhóthanach ar na meáin éagsúla atá ar fáil agus atá tarraingteach do lucht féachana agus éisteachta i margadh atá ag éirí níos oscailte agus níos iomaíche laistigh den Eoraip agus níos faide i gcéin.

Leis an **nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (GESM)** a glacadh le déanaí, soláthraítear coimircí le haghaidh shaoirse agus iolrachas na meán, lena n-áirítear cosaintí ar chur isteach polaitiúil, trédhearcacht fheabhsaithe ar úinéireacht na meán, agus oibleagáidí maidir le neamhspleáchas na meán seirbhíse poiblí. Beidh an Clár atá beartaithe ina chomhlánú ar GESM trí thacaíocht airgeadais a sholáthar d’eagraíochtaí meán nuachta agus neamhspleáchas eagarthóireachta a neartú.

Leis sin cuirfear freisin leis an gCód Iompair maidir leis an bhfuathchaint ar líne a chomhrac, le **Plean Gníomhaíochta 2018 i gcoinne na bréagaisnéise**, agus leis an **gCód Iompair maidir le Bréagaisnéis** a comhtháthaíodh le déanaí laistigh de chreat comhrialála an **Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)**, trí litearthacht sna meáin a fheabhsú agus feasacht staide maidir leis an spás faisnéise ar líne a threisiú ó Bhallstát go chéile.

*Cultúr*

Maidir leis an gcultúr, leis an oidhreacht chultúrtha agus le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, beidh an tionscnamh ag gabháil leis an **gCompás Cultúir don Eoraip** atá ar na bacáin, rud atá beartaithe mar chur chuige beartais straitéisigh a bhfuil sé d’aidhm aige an cultúr agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a leabú i spriocanna beartais uileghabhálacha an Aontais agus a ngnéithe iomadúla a threorú agus leas a bhaint astu.

Leis an tionscnamh cuirtear le roinnt príomhthionscnaimh bheartais, lena n-áirítear an **Clár Oibre Eorpach don Chultúr**, **Pleananna Oibre na Comhairle don Chultúr**, **Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta**, agus an **Creat Gníomhaíochta Eorpach um an Oidhreacht Chultúrtha**, agus iarrtar iontu uile go mbeadh ról níos láidre ag an gcultúr agus ag earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i bhforbairt shóisialta, eacnamaíoch agus idirnáisiúnta bhreise ár nAontais. Tá sé ag teacht le tionscnaimh

Eorpacha amhail **Bauhaus Eorpach Nua**, gníomhaíocht **Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa** agus gníomhaíocht an **Lipéid Oidhreachta Eorpaigh**. Tá sé i gcomhréir freisin le Dearbhú na Róimhe ó mhí an Mhárta 2017, ag ar shamhlaigh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais Aontas ina mbeidh deiseanna nua ag na saoránaigh le haghaidh forbairt chultúrtha agus shóisialta agus fás eacnamaíoch [...]; Aontas a chaomhnóidh ár n-oidhreacht chultúrtha agus a chuirfidh éagsúlacht chultúrtha chun cinn.

Thairis sin, tá sé i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bhFéiniúlacht Eorpach a Neartú trí Oideachas agus Cultúr, ina luaitear go bhfuil sé chun comhleas na mBallstát uile leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an oideachais agus an chultúir mar spreagthaí le haghaidh post, fás eacnamaíoch, cothroime shóisialta, saoránacht ghníomhach chomh maith le bealach chun taithí a fháil ar an bhféiniúlacht Eorpach ina héagsúlacht uile. Tá an tionscnamh i gcomhréir freisin le **Coinbhinsiún UNESCO 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn**, a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ina bpáirtithe ann.

Ar deireadh, tá an tionscnamh le brath i gcomhthéacs Straitéis an Aontais maidir leis an Turasóireacht Inbhuanaithe atá ar na bacáin, a bhfuil sé d'aidhm aici, i measc nithe eile, tacú le cuairteoirí chun bealaí cultúrtha agus láithreáin oidhreachta ar fud na hEorpa nach bhfuil mórán cur amach acu orthu a aimsiú, rud a chothaíonn, dá réir sin, forbairt eacnamaíoch agus a chuireann poist áitiúla chun cinn.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh ailínithe le tosaíochtaí beartais uileghabhálacha an Choimisiúin le haghaidh na tréimhse 2024- 2029, is é sin ó thaobh 1) Tacú le daoine agus an tsochaí agus ár múnla sóisialta a neartú; 2) Ár ndaonlathas a chosaint agus ár luachanna a chaomhnú; 3) Rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa; agus 4) Eoraip dhomhanda.

*Comhsheasmhacht le beartais lena dtacaítear le daoine, lena neartaítear ár sochaithe agus ár múnla sóisialta*

I gcomhthéacs an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (2028- 2034), cothófar sineirgí idir tionscnaimh na meán, an chultúir, an chomhionannais, ceart agus luachanna agus an idirghabháil a dhéanfar amach anseo i réimsí scileanna, an oideachais, an chuimsithe shóisialta, na dlúthpháirtíochta, na cothroime idirghlúine, na hóige agus an chomhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh. Déanfar na sineirgí sin, amhail i litearthacht sna meáin, scileanna digiteacha, rannpháirtíocht saoránach agus oideachas saoránach agus forbairt agus cuimsiú scileanna trí chruthaitheacht agus na healaíona a chur chun cinn i gcomhréir le cuspóirí Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh agus na Tuarascála ar Shaoránacht an Aontais. Leis an tionscnamh is féidir go lorgófar sineirgí agus comhlántachtaí freisin le hidirghabhálacha amach anseo faoi bhainistíocht chomhroinnte arb é is aidhm dóibh comhtháthú sóisialta agus críochach a neartú laistigh den Aontas.

Tá an tionscnamh ina chomhlánú ar thionscnaimh áirithe lena gcuirtear chun cinn prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais fostaíochta agus shóisialta, chomh maith leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Áirítear leis sin rochtain chomhionann ar chearta a chur chun cinn agus éagsúlacht a chothú, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, mar bhealach chun tacú le cuimsiú sóisialta agus margaí saothair cothroma, agus dul i ngleic le bochtaineacht leanaí. Mar phríomhghníomhaithe maidir leis an dioscúrsa poiblí a mhúnlú agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú, tá an cultúr agus na meáin lárnach chun sochaithe ionchuimsitheacha athléimneacha a thógáil. I gcomhthéacs **Aontas na Scileanna,**

leis an tionscnamh rannchuideofar go gníomhach le gairmithe a uas- sciliú agus a athsciliú i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta (CCInna), rud a thacóidh lena n-inoiriúnaitheacht i bhfianaise aistrithe digiteacha agus glasa agus athruithe i margadh an tsaothair. Thairis sin, trí iomaíochas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a threisiú, tá an clár i bhfabhar poist sna hearnálacha sin a chruthú. An tráth céanna, leis an tionscnamh feabhsófar fothú acmhainneachta le haghaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna) a oibríonn i réimse an chomhionannais, ceart agus luachanna.

I bhfianaise rioscaí méadaitheacha a bhaineann le guaiseacha nádúrtha, éigeandálaí sláinte, timpistí teicneolaíocha, bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn agus suaitheadh eile, leis an tionscnamh seo feabhsófar athléimneacht feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha agus tógfar Aontas atá níos athléimní, níos sláine agus níos ullmhaithe, i gcomhréir le cuspóirí na **Straitéise um Aontas na hUllmhachta**.

*Comhsheasmhacht le beartais cheartais*

Leis an ailíniú idir beartais cheartais agus an smacht reachta cruthaítear creat láidir lena n-áirithítear cuntasacht, lena gcuirtear comhleanúnachas dlíthiúil chun cinn ar fud na mBallstát agus laistigh díobh, agus lena gcosnaítear cearta bunúsacha, rud a fheabhsaíonn, dá réir sin, iontaoibh agus comhar laistigh den Aontas. Tá an caidreamh idir cearta bunúsacha agus beartais cheartais ríthábhachtach chun sochaithe cothroma agus cothromasacha a mhúnlú. Le cearta bunúsacha – idir an ceart chun triail chóir a fháil, saoirse ó idirdhealú agus cosaint príobháideachais – sainítear na caighdeáin fhíor- riachtanacha nach mór do chórais cheartais seasamh leo, agus déantar bearta agus cleachtais dlí choincréiteacha de phrionsabail theibí. Mar shampla, le dlíthe frith- idirdhealaithe forfheidhmítear prionsabal an chomhionannais faoin dlí.

Dá réir sin, leis an tsineirge idir cearta bunúsacha agus beartais cheartais áirithítear nach amháin go gcuirtear cosc ar mhí- úsáidí le córais dlí ach go gcuirtear an dínit, an comhionannas agus an tsaoirse chun cinn go gníomhach leo freisin. Tá an tsineirge sin fíor- riachtanach chun iontaoibh an phobail in institiúidí dlíthiúla a thógáil, comhtháthú sóisialta a chothú, agus, ar deireadh, a áirithiú go mbeidh an ceartas inrochtana agus fiúntach le haghaidh gach duine aonair. Chuige sin, i gcomhthéacs an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (2028- 2034), cothófar sineirgí idir an Clár seo agus an clár um Cheartas a bheidh ann amach anseo.

*Comhsheasmhacht le beartais le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus an iomaíochais*

Trí rannchuidiú le hiomaíochas na meán, an chlosamhairc agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, beidh an tionscnamh ina chomhlánú ar chreat beartais an Aontais maidir le beartas tionsclaíoch agus iomaíochas eacnamaíoch. Go sonrach, leis sin cuirtear le Tuarascáil 2024 maidir leis an Margadh Aonair agus leis an Iomaíochas, lena nglactar cur chuige bunaithe ar éiceachórais chun athléimneacht agus uathriail straitéiseach na bpríomhearnálacha tionsclaíocha a neartú, lena n-áirítear earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Léirítear léi freisin cuspóirí an Chompáis Iomaíochais, ina leagtar amach tagarmharcanna soiléire chun táirgiúlacht agus athléimneacht fhadtéarmach an Aontais a fheabhsú agus an nuálaíocht a chur chun cinn.

Ina theannta sin, baineann an tionscnamh le Teachtaireacht 2020 ón gCoimisiún 'Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach' arb é is aidhm di leas a bhaint as cumhacht FBManna na hEorpa chun an dá aistriú a stiúradh, bunaithe ar thrí cholún: fothú acmhainneachta agus tacaíocht; an t-ualach rialála a laghdú agus rochtain ar an margadh a fheabhsú; feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú. Tá an tionscnamh ina rannchuidiú freisin

leis an Straitéis nua ón gCoimisiún Eorpach maidir le hAontas Coigiltis agus Infheistíochta, arb é is aidhm di deiseanna airgeadais le haghaidh gnólachtaí a fheabhsú.

Tá taighde agus nuálaíocht fíor- riachtanach chun forbairt a dhéanamh ar chórais chultúrtha, chruthaitheacha agus meán atá ionchuimsitheach agus bunaithe ar chearta. Leis an tionscnamh neartófar sineirgí leis an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a bheidh ann amach anseo agus leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bheidh ann amach anseo. Leis an gciste sin áirítear tacaíocht le haghaidh taighde idirdhisciplíneach ar ábhair éagsúla, lena n-áirítear an daonlathas, luachanna, an comhionannas agus an bhréagaisnéis ach freisin maidir le hábhair dhigiteacha agus thionsclaíocha a bhfuil dlúthbhaint acu le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus leis an oidhreacht chultúrtha. Is gá sineirgí agus comhlántachtaí a neartú chun an t-éiceachóras taighde Eorpach a threisiú, ionas go dtairbheoidh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus an tsochaí shibhialta go hiomlán de dhul chun cinn réimsí taighde agus nuálaíochta Eorpacha. Dá réir sin, beidh an Clár ina rannchuidiú le glacadh torthaí gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chistítear faoin gClár Réime um Thaighde.

Thairis sin, tá an togra ina rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar chlaochlú digiteach na hEorpa, i gcomhréir le cuspóirí na Deacáide Digití 2030. Beidh sé ina chomhlánú air trí thacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear chun cinn ullmhacht dhigiteach, forbairt scileanna agus nuálaíocht fheidhmeach in earnálacha na sochaí, an chultúir agus na meán, amhail an Plean Gníomhaíochta um Mór- Roinn na hIntleachta Saorga agus an Straitéis um Chur i bhFeidhm na hIntleachta Saorga. Beidh sé ag gabháil freisin leis an rialachán atá ann cheana, amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margaí Digiteacha agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga tríd an rochtain ar ábhar closamhairc agus meán a mhéadú, litearthacht sna meáin a neartú, iomaíocht chóir agus rochtain, atá neodrach ó thaobh na n-ardán, ar lucht féachana agus éisteachta a spreagadh. A bhuí le comhar trasteorann agus infhaighteacht ábhair closamhairc neartófaí idir- inoibritheacht táirgí digiteacha freisin.

*Comhsheasmhacht le beartais le haghaidh Eoraip dhomhanda*

Nuair a ghlacfar an Clár beartaithe, beidh sé ina chomhlánú ar ghníomhaíochtaí a mhaoinítear trí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Mar shampla, trí mhalartuithe cultúrtha a chur chun cinn agus tacú le tionscail chruthaitheacha an Aontais, leis na meáin agus le hábhar closamhairc ar fud an domhain, lena n-áirítear trí chomhar idirnáisiúnta, osclófar margaí nua, meallfar tallann dhomhanda, feabhsófar tionchar agus tarraingteacht an Aontais ar an leibhéal domhanda. Áireofar san idirghabháil a dhéanfar amach anseo rannpháirtíocht tríú tíortha sa Chlár agus tacaíocht le haghaidh comhar idirnáisiúnta, rud a fhágfaidh go mbeidh sineirgí ann le beartais an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagail 19(2), 21(2), 24, 167(5), 168(5) agus 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), chun cuspóirí ginearálta an Chláir a bhaint amach ar bhealach cuimsitheach.

Le **hAirteagal 19(2) CFAE** déantar foráil maidir le bearta dreasachta a ghlacadh chun tacú le gníomhaíocht na mBallstát idirdhealú atá bunaithe ar inscne, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh a chomhrac.

Tá rannpháirtíocht dhaonlathach, rannpháirtíocht saoránach agus cothú na sochaí sibhialta ina mbloic thógála fhíor- riachtanacha de choincheap shaoránacht an Aontais. Is tosca

ríthábhachtacha iad agus is éascaitheoirí iad maidir leis an gceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse san Aontas.

Le **hAirteagal 21(2) CFAE** déantar foráil maidir le bearta ón Aontas chun feidhmiú chearta na saoránach a éascú chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát. Is féidir gníomhaíochtaí chun saoránaigh agus údaráis a chur ar an eolas faoi chearta vótála na saoránach agus iad ina gcónaí i mBallstát eile a chumhdach freisin leis an Airteagal seo, ós rud é go n-éascaítear leo sa chleachtas freisin feidhmiú cirt atá ag saoránach gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse.

Le **hAirteagal 24 CFAE** cuirtear oibleagáid ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle forálacha a ghlacadh le haghaidh na nósanna imeachta agus na gcoinníollacha a cheanglaítear le haghaidh tionscnamh ó na saoránaigh de réir bhrí Airteagal 11 CAE. Rinneadh sin trí Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh[1]. Ba cheart an Clár a bheith ina thaca le tacaíocht theicniúil agus eagraíochtúil a mhaoiniú chun an Rialachán sin a chur chun feidhme, rud atá mar bhonn taca, dá réir sin, faoi fheidhmiú an chirt arna dhéanamh ag na saoránaigh chun tionscnaimh ó na saoránaigh a sheoladh agus chun tacú leo. I dteannta na gceart eile a leagtar amach in Airteagal 24 CFAE, leis an gceart sin áirithítear rannpháirtíocht dhíreach na saoránach i saol daonlathach an Aontais.

Le **hAirteagal 167(5) CFAE** cuirtear de chúram ar an Aontas bearta dreasachta a ghlacadh chun rannchuidiú le borradh chultúir na mBallstát, agus a n-éagsúlacht náisiúnta agus réigiúnach á n-urramú an tráth céanna agus tríd an gcomhoidhreacht chultúrtha a thabhairt chun cinn. Beidh gníomhaíochtaí an Aontais ina spreagadh do chomhar idir na Ballstáit agus ina bhforlíonadh ar a ngníomhaíochtaí i réimsí amhail feabhsú ar eolas agus leathadh chultúr agus stair na bpobal Eorpach agus caomhnú agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha lena bhfuil tábhacht Eorpach.

Le **hAirteagal 168(5) CFAE** soláthraítear bunús dlí chun bearta dreasachta a ghlacadh atá ceaptha chun sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú. Tá foréigean, lena n-áirítear foréigean in aghaidh leanaí agus na mban ina chontúirt ar shláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte. Is saoránaigh leochaileacha iad leanaí agus tá gá acu le leibhéal méadaithe cosanta ar na contúirtí sin, lena n-áirítear bagairtí trasteorann go minic. Tá foréigean in aghaidh na mban ina bhagairt thromchúiseach freisin ar shláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte íospartach, a bhfuil gá acu le hardleibhéal cosanta.

Le **hAirteagal 173(3) CFAE** sonraítear go bhféadfaidh an tAontas bearta sonracha a chinneadh chun tacú le gníomhaíocht arna déanamh sna Ballstáit chun a áirithiú gur ann do na dálaí is gá do chumas iomaíochta thionscal an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíocht a dhéanamh chun timpeallacht atá fabhrach don tionscnamh agus d'fhorbairt gnóthas a spreagadh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Chun an cultúr, na meáin agus luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint, ceanglaítear comhar trasnáisiúnta agus iarrachtaí comhordaithe a théann thar theorainneacha náisiúnta. Is réimsí iad sin ina bhfágann castacht na ndúshlán gur doiligh do na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach astu féin. Le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais, is féidir freagraí níos comhleanúnaí agus lena bhfuil tionchar níos mó a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thrasnáisiúnta agus choiteanna lena moillítear an dul chun cinn agus lena gceadaítear tionchar córasach trí bhearnaí struchtúrtha nach

[1] IO L 130, 17.5.2019, lgh. 55–81

dtugann na Ballstáit tosaíocht dóibh a shainaithint agus a réiteach. Tá príomhról ag buiséad an Aontais chun na freagraí comhchoiteanna sin a chumasú. Le cur chuige den sórt sin, áirithítear freisin comhleanúnachas níos fearr idir beartais inmheánacha agus cur chun cinn luachanna agus chaighdeáin idirnáisiúnta an Aontais ar an gcoigríoch.

De bharr fhairsinge agus éifeachtaí an chláir atá beartaithe, tá breisluach ag baint le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, toisc nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Mar shampla, neartaítear léi braistint shaoránacht an Aontais agus comhthuiscint trí ghníomhaíochtaí trasteorann a éascú lena gcothaítear rannpháirtíocht saoránach, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht níos leithne sa chultúr agus sna meáin. Áirithítear léi freisin caighdeáin arda agus chomhsheasmhacha ar fud an Aontais agus cur i bhfeidhm éifeachtach na gceart a chumhdaítear i ndlí an Aontais ó Bhallstát go chéile, rud atá fíor- riachtanach chun saoránaigh an Aontais a chosaint. Thairis sin, le gníomhaíocht an Aontais treisítear an Margadh Aonair trí rochtain agus soghluaisteacht chothrom a chur chun cinn, agus soláthar níos éifeachtúla á chumasú an tráth céanna trí chreataí comhordaithe agus tionscadail chomhpháirteacha ar scála níos mó. Trí aghaidh a thabhairt ar ilroinnt, comhar a chur chun cinn ó Bhallstát go chéile agus acmhainní a chomhthiomsú ar leibhéal an Aontais, áirithítear leis an tionscnamh gur féidir le tionscail chruthaitheacha, cuideachtaí closamhairc agus meán agus cruthaitheoirí tairbhiú go hiomlán den Mhargadh Aonair. Leis sin cuirtear feabhas ar rochtain ar ábhar cultúrtha agus cruthaitheach, tacaítear le hiolrachas na meán agus méadaítear iomaíochas an tionscail closamhairc Eorpaigh.

Rinne formhór mór na bhfreagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte a rinne an Coimisiún le haghaidh na gclár nua de chuid an Aontais breisluach chistiú an Aontais sna réimsí beartais sin a chur i dtábhacht (féach thíos).

- **Comhréireacht**

Leis an togra comhlíontar prionsabal na comhréireachta, sa mhéid nach dtéann sé thar an t-íosmhéid is gá chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach ar leibhéal an Aontais agus an méid is gá chun na gcríoch sin.

- **An rogha ionstraime**

Leis an gClár 'AgoraEU' nua cuirtear go príomha leis an gclár Eoraip na Cruthaitheachta (2021- 2027), leis an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) (2021- 2027) agus leis na línte sainphribhléide atá ann cheana, rud a thugann le chéile tacaíocht airgeadais an Aontais chun an cultúr, na meáin agus luachanna an Aontais a chothú. Cuirtear san áireamh san ionstraim nua gnéithe sonracha na n-earnálacha éagsúla, a spriocghrúpaí éagsúla, agus a riachtanais ar leith, agus sineirgí agus comhlántachtaí á n-áirithiú an tráth céanna.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Chuir an Coimisiún san áireamh torthaí na meastóireachta deiridh ar an gclár Eoraip na Cruthaitheachta, 2014- 2020, agus na meastóireachta deiridh eatramhaí ar an gclár Eoraip na Cruthaitheachta, 2021- 2027, chomh maith leis an meastóireacht eatramhach ar an gclár CERV agus na meastóireachtaí deiridh ar an gclár um an Eoraip ar son na Saoránach agus ar

na cláir um Chearta, Comhionannas agus Saoránaigh, a rinneadh le linn na tréimhse 2023- 2025.

Leis na meastóireachtaí sin rinneadh measúnú ar fheidhmíocht na gclár, bunaithe ar a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht, a n-ábharthacht, a gcomhleanúnachas, a n-inbhuanaitheacht agus a mbreisluach AE.

Le torthaí na meastóireachtaí sin, léirítear gurb amhlaidh leis na cláir atá ann cheana a baineadh amach, den chuid is mó, a gcuspóirí beartais agus a soláthraíodh breisluach AE, agus réimsí feabhsaithe ó thaobh dearaidh á gcur i dtábhacht an tráth céanna.

Leis an meastóireacht ar **Eoraip na Cruthaitheachta** leagtar béim ar rannchuidiú an Chláir leis an gcuspóir ginearálta a bhaineann le tacú le héagsúlacht chultúrtha agus teanga agus leis an oidhreacht chultúrtha trí mhéadú a dhéanamh ar rochtain daoine ar ábhar éagsúil a thagann, go háirithe, ó lastall de theorainneacha náisiúnta agus leis an gcuspóir iomaíochais trí chuidiú le hoibreoirí closamhairc agus cruthaitheacha agus cultúrtha eile feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus méadú ar an leibhéal Eorpach. Tá áit ar leith aige mar an t-aon fhoinse chistiúcháin le haghaidh comhar trasnáisiúnta, malartú dea- chleachtas, scaipeadh agus soghluaisteacht sna hearnálacha sin.

Deimhníodh sa mheastóireacht eatramhach ar an **gclár CERV** go bhfuil an clár i spás a bheadh folamh den chuid is mó murach sin i dtírdhreach cistiúcháin na luachanna agus na gceart bunúsach, mar an ionstraim thiomnaithe de chuid an Aontais chun cearta bunúsacha, an comhionannas agus an neamh- idirdhealú, an daonlathas agus an smacht reachta san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn. Léiríodh leis an meastóireacht freisin an príomhról a bhí ag an gclár chun tacú le heagraíochtaí sochaí shibhialta a oibríonn ar na cearta agus na luachanna sin, lena n-áirítear iad sin ar leibhéal an phobail, nach mbeadh foinsí cistiúcháin ná cineálacha tacaíochta eile acu go minic.

Leis an meastóireacht ar an **líne Gníomhaíochtaí Ilmheán** (2021-2023) deimhnítear go raibh sí éifeachtach maidir le clúdach nuachta ar ghnóthaí an Aontais a neartú ó pheirspictíocht Eorpach. Leis na gníomhaíochtaí tacaíodh le hardleibhéal ábhair bunaidh a tháirgeadh, rud a d’fhág go raibh aimsiú lucht féachana agus éisteachta suntasach ann.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí comhairliúchán poiblí mar bhonn eolais don mheasúnú tionchair le haghaidh chláir an Aontais i réimsí an oideachais trasteorann, na hóige, an chultúir, na meán, luachanna agus na sochaí sibhialta faoi CAI tar éis 2027. Reáchtáladh é idir an 12 Feabhra agus an 7 Bealtaine 2025. San iomlán, bailíodh 5 845 fhreagra bhailí le linn an chomhairliúcháin.

Leis na freagraí léiríodh deimhniú soiléir ar ról leanúnach an Aontais maidir le comhar trasteorann a chothú agus tacú leis an gcultúr, leis na meáin, leis an daonlathas agus le cearta bunúsacha. Mar shampla, maidir le cion na bhfreagróirí a mheas go raibh sé ‘an- tábhachtach’ nó ‘tábhachtach’ ‘an daonlathas agus caighdeáin dhaonlathacha a chosaint’, ‘urraim do chearta bunúsacha a chur chun cinn (lena n-áirítear cearta leanaí agus na mban)’, ‘neamhspleáchas na meán agus iolrachas na meán a chur chun cinn, an bhréagaisnéis a chomhrac’ agus ‘éagsúlacht chultúrtha agus chruthaitheach a chur chun cinn’, bhí siad cothrom le 91 %, 88 %, 85 % agus 78 % faoi seach.

Deimhníodh sna freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí freisin gur soláthraíodh breisluach le cistiú ón Aontas i gcomparáid le cistiú ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil nó réigiúnach sna réimsí a chumhdaítear leis. Mar shampla, mheas 66 % de na freagróirí gur réimse é ‘An daonlathas a chosaint agus caighdeáin dhaonlathacha a chur chun cinn’ ina soláthraítear breisluach

suntasach le cistiú ón Aontas. Luaigh beagnach dhá thrian de na freagróirí tacaíocht d'earnálacha an chlosamhairc agus na meán mar chuspóir beartais 'tábhachtach'. Ar deireadh, feictear do thart ar 80 % de na freagróirí go bhfuil breisluach ag baint le cistiú ón Aontas a úsáid chun 'Éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn' agus 'Oidhreacht chultúrtha agus cuimhneachán Eorpach a chur chun cinn agus a chaomhnú' agus feictear do thart ar 74 % díobh gurb amhlaidh atá chun 'Rochtain fhorleathan ar chultúr agus ar oidhreacht chultúrtha a áirithiú'.

Nuair a iarradh ar fhreagróirí meastóireacht a dhéanamh ar na bacainní lena gcuirtear cosc le buiséad an Aontais a chuspóirí a bhaint amach go hiomlán sna réimsí beartais, d'fháiltigh freagróirí go ginearálta roimh fhócas an Choimisiúin ar éifeachtúlacht níos fearr i gcistiú, ach ní ar chostas 'féiniúlachta' agus 'iontaoibhe', agus soiléireacht théamach agus úinéireacht na bpáirtithe leasmhara á gcaomhnú an tráth céanna.

Léirítear le torthaí cainníochtúla go raibh ualach riaracháin (arna shainaithint ag 51 % de na saoránaigh agus 56 % d'eagraíochtaí) agus rialacha comhlíontachta casta a bhaineann go sonrach le cistí (49 % de na saoránaigh agus 52 % d'eagraíochtaí) ar na bacainní ba mhinice a luadh ar fud na ngrúpaí uile. Leis na saincheisteanna sin léirítear ábhair imní ní hamháin maidir le castacht rialála ach freisin maidir le hilroinnt idir ionstraimí agus neamhéifeachtúlachtaí maidir le soláthar. Ar na bacainní breise bhí easpa solúbthachta chun acmhainní a ath- leithdháileadh mar fhreagairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn (45 % de na saoránaigh agus 50 % d'eagraíochtaí), moilleanna ar chur chun feidhme an chláir agus eisíocaíocht chistiúcháin, agus cumarsáid nó soiléireacht neamh- leordhóthanach maidir le deiseanna cistiúcháin. Chuir na húdaráis phoiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, go háirithe, moilleanna i dtábhacht mar fhoinse tionchair agus inchreidteachta áitiúla laghdaithe.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Déantar eolas don togra le tuarascálacha agus measúnuithe seachtracha.

Rinneadh eolas don togra le neart staidéar agus tuarascálacha, amhail staidéir agus tuarascálacha ó Pharlaimint na hEorpa, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, lena léirítear na dúshláin mhéadaitheacha agus thromchúiseacha lena dtriailtear ár gcearta bunúsacha agus ár luachanna san Aontas chomh maith le hathléimneacht ár n-institiúidí daonlathacha[2].

I réimse na meán agus an chlosamhairc, bhí sé ag brath ar chonclúidí Ionchas Thionscal Eorpach na Meán 2023[3], lenar soláthraíodh léargais luachmhara ar dhúshláin struchtúracha thionscail na meán agus an chlosamhairc (lena n-áirítear cluichíocht).Tá cuideachtaí meán san Aontas faoi bhrú méadaitheach ó iomaitheoirí domhanda maidir le haird agus ioncam na n-úsáideoirí. Níl aon athrú tagtha ar chaiteachas tomhaltóirí ná tomhaltas na meán ó bhí paindéim COVID- 19 ann, agus tá níos mó ábhair á chomhiomlánú ag ardáin dhigiteacha agus tá níos mó ioncam fógraí á ghabháil acu ná mar atá ag na meáin thraidisiúnta. Bíonn na hearnálacha ag streachailt freisin le costais glactha teicneolaíochta arda, infheistíocht phríobháideach theoranta, agus spleáchas trom ar theicneolaíochtaí nach teicneolaíochtaí de chuid an Aontais iad. Ina theannta sin, léiríodh sa tuarascáil go bhfuil scaipeadh saothar closamhairc thar theorainneacha teoranta san Aontas, rud a chuireann bac ar acmhainneacht

[2] Lena n-áirítear tuarascáil 2021/2103(INI) ó PE ar an spás atá ag laghdú don todhchaí shibhialta san Eoraip; tuarascáil FRA maidir leis an tsochaí shibhialta a chosaint – nuashonrú 2023; Innéacs Comhionannais Inscne EIGE 2024: Dul i ngleic leis an bhforéigean in aghaidh na mban, dul i ngleic le neamhionannais inscne.

[3] Foilseofar an dara heagrán d'Ionchas Thionscal na Meán i mí Iúil 2025.

an tionscail. Idir an dá linn, tá inmharthanacht na meán nuachta i mbaol méadaitheach, agus ioncam ag laghdú, fostaíocht ag laghdú, agus iontaoibh tomhaltóirí theoranta ann.

I réimse earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, bhí cruinnithe téamacha, torthaí staidéar neamhspleách, conclúidí ón gComhairle[4], rúin ó Pharlaimint na hEorpa[5], an mheastóireacht ar ghníomhaíocht an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh[6] agus an chéad mheastóireacht eatramhach ar ghníomhaíocht Phríomhchathair Chultúir na hEorpa le haghaidh na bliana 2020- 2033[7], chomh maith le moltaí a rinne saineolaithe ó na Ballstáit i gcomhthéacs an Mhodha Oscailte Comhordúcháin maidir leis an gcultúr, mar bhonn eolais don togra[8]. Leis na foinsí éagsúla sin, cuirtear i dtábhacht ábharthacht leanúnach shnáithe an Chultúir d'Eoraip na Cruthaitheachta agus aird á tabhairt an tráth céanna ar réimsí feabhais, go háirithe i ndáil leis na haistrithe digiteacha agus glasa agus leis an mborradh faoi IS, dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, chomh maith leis an gcomhthéacs idirnáisiúnta.

- **Measúnú tionchair**

Bhí an togra sin faoi réir measúnú tionchair. Tá iniúchadh déanta ag ranna an Choimisiúin ar roinnt roghanna beartais malartacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na n-earnálacha lena mbaineann agus chinn siad an rogha lenar freastalaíodh ar an mbealach ab fhearr ar réimsí beartais agus tosaíochtaí an Choimisiúin. Bhí na roghanna éagsúla comheisiach ar a chéile. Rogha amháin ba ea leanúint leis na cláir Eoraip na Cruthaitheachta agus CERV atá ann cheana mar chláir neamhspleácha, agus roinnt feabhsuithe incriminteacha á dtabhairt isteach an tráth céanna. Is éard a bhí sa dara rogha na cláir a thabhairt le chéile arb é is aidhm dóibh luachanna, meáin agus cultúr an Aontais a chosaint. Ba é an tríú rogha a bhí ann comhtháthú iomlán faoi ionstraim aonair beartas a chumhdaítear inniu le CERV, Eoraip na

[4] Go sonrach, conclúidí ón gComhairle i mí na Bealtaine 2025 maidir le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha chun tús a chur lena ngairmeacha beatha, Conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2024 maidir le rochtain ar chultúr a fheabhsú agus a chothú, conclúidí ón gComhairle i mí na Bealtaine 2024 maidir le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chumhachtú trí phobal meáin sonraíbhunaithe a fhorbairt agus Conclúidí ón gComhairle i mí na Bealtaine 2023 maidir le healaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe.

[5] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2024 ar éagsúlacht chultúrtha agus na dálaí d'údair i margadh Eorpach an tsruthaithe ceoil (2023/2054(INI)), Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2024 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta, 2021- 2027 a chur chun feidhme (2023/2003(INI)), Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le creat an Aontais do staid shóisialta agus ghairmiúil ealaíontóirí agus oibrithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (2023/2051(INI)), Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meán Fómhair 2023 maidir le hearnáil Eorpach na leabhar amach anseo (2023/2053(INI)), Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2022 maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh Nua le haghaidh an Chultúir agus Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta (2022/2047(INI)), Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le staid na n-ealaíontóirí agus leis an téarnamh cultúrtha san Aontas Eorpach (2020/2261(INI)

[6] Meastóireacht ar ghníomhaíocht an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh (EHL) le haghaidh na tréimhse 2018- 2024, arna déanamh ag PPMI le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh (Iúil 2025).

[7] An Chéad Mheastóireacht Eatramhach ar Ghníomhaíocht Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020- 2033, arna déanamh ag Ecorys agus KEA European Affairs le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh (Iúil 2025).

[8] Go sonrach, Meitheal MOC de shaineolaithe na mBallstát i mí an Mheithimh 2023 '*The status and working conditions of artists and cultural and creative professionals*' [Stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha] agus Meitheal MOC de Shaineolaithe na mBallstát an 4 Meitheamh 2021 dar teideal *Towards gender equality in the cultural and creative sectors* [I dtreo comhionannas inscne in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta].

Cruthaitheachta, mar aon leo sin a chumhdaítear le Erasmus+ agus leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach (ESC).

Measadh roghanna malartacha eile freisin agus cuireadh i leataobh iad ag céim luath. Ceann amháin ba ea scor de chistiú ón Aontas sna réimsí a chumhdaítear faoi láthair le CERV agus Eoraip na Cruthaitheachta, ach diúltaíodh dó i bhfianaise thábhacht na bhfadhbanna lena ndéantar difear do na hearnálacha lena mbaineann, na suntasachta a tugadh do na beartais sin sna Treoirlínte Polaitiúla agus an mheasúnaithe ar ábharthacht agus breisluach leanúnach idirghabháil chistiúcháin an Aontais, faoina raibh na meastóireachtaí meántéarma faoi leith mar bhonn taca. Tréigeadh an rogha maidir le cláir a chumasc go malartach (e.g. an snáithe Meán d'Eoraip na Cruthaitheachta leis an gclár CERV, agus sin amháin) ag céim luath freisin, toisc nach mbeadh sí ailínithe go héifeachtach le tosaíochtaí polaitiúla ná nach mbeadh freastal leordhóthanach déanta léi ar dhúshláin na n-earnálacha lena mbaineann.

Rinneadh anailís ar phríomhthionchair fhéideartha na dtrí rogha ar an ngearrliosta (leanúnachas, comhtháthú iomlán, agus cumasc cuspóirbhunaithe) thar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil éagsúla. I gcás inarb ábhartha, leis an anailís cumhdaíodh freisin costais agus tairbhí, tionchair ar iomaíochas agus FBManna agus ar dhigitiú, chomh maith lena rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) na Náisiún Aontaithe. Rinneadh measúnú ar na trí rogha beartais bunaithe ar a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht, a gcomhleanúnachas agus a gcomhréireacht, agus an Mheastóireacht Ilchritéar Shóisialta (MICS) á cur i bhfeidhm.

Cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ar na roghanna agus ar a dtionchair go mbeadh acmhainneacht níos fearr ag baint le comhtháthú bunaithe ar chuspóirí beartais (cumasc cuspóirbhunaithe) i gcomparáid leis an dá rogha mhalartacha. A bhuí leis sin d'éascófaí comhordú treisithe, solúbthacht spriocdhírithe, agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as buiséad an Aontais – gan fócas beartais ná inrochtaineacht a ghéilleadh. Leis sin thairgfí an chothromaíocht is fearr is féidir idir simpliú agus ábharthacht beartais. Tá an méid sin ag teacht freisin le glaonna na bpáirtithe leasmhara, a éilíonn simpliú ar rochtain ar chistiú, solúbthacht leithdháilte acmhainní agus rialacha comhchoiteanna a chur i bhfeidhm. I gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, leantar prionsabal 'cistiú a leanann beartas' leis, lena dtugtar le chéile cláir arb é is aidhm dóibh an cultúr, na meáin agus luachanna an Aontais a chosaint. Leis sin cuirfear le rath na gclár atá ann faoi láthair, dea-chleachtais an CAI reatha, mar is léir ó mheastóireachtaí, aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar dhúshláin thrasnáisiúnta agus choiteanna, bearnaí cistiúcháin a líonadh ar leibhéal na mBallstát, agus comhleanúnachas idir beartais inmheánacha agus sheachtracha a fheabhsú, agus sineirgí, éifeachtúlacht agus éifeachtacht á bhfeabhsú an tráth céanna, agus forluití á laghdú. Tabharfar léargas cuí leis ar gach ceann de na réimsí beartais a áirítear sa chlár cumaiscthe agus lánurraim á tabhairt do na forálacha cothrománacha a shonraítear i Rialachán (AE, Euratom) [202X/XXX, an Rialachán Feidhmíochta] atá infheidhme maidir le gach clár de chuid an Aontais. Méadófar leis freisin gníomhaíocht maidir le tosaíochtaí agus sineirgí trasearnálacha lena ndéantar difear d'earnálacha na sochaí, na meán agus an chultúir agus na cruthaitheachta (e.g. scileanna earnála, rochtain ar mhaoiniú, glacadh nuálaíochta, etc.).

Bunaithe ar na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, cuireadh an tuarascáil seo ar an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála chun grinnscrúdú cáilíochta a dhéanamh uirthi. Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim uaidh maidir leis an measúnú tionchair an 13 Meitheamh 2025. Rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála sraith barúlacha agus moltaí maidir le raon feidhme, sainiú faidhbe agus úsáid meastóireachtaí, loighic agus cuspóirí idirghabhála, comparáid idir roghanna agus measúnú costais agus tairbhe, rialachas, comhleanúnachas agus faireachán agus meastóireacht amach

anseo. Rinneadh athbhreithniú ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra dlí seo i gcomhréir le barúlacha an Bhoird.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an tionscnamh, déanfar bainistíocht, rialachas agus cur chun feidhme chláir an Aontais a chuíchóiriú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht d'iarratasóirí, do thairbhithe agus d'institiúidí an Aontais. Déanfar nósanna imeachta cur i bhfeidhm agus tuairiscithe a shimpliú agus a chomhchuibhiú a thuilleadh, trí rialacha comhchoiteanna nó ailínithe a thabhairt isteach, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar ghlaonna lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí beartais comhlántacha.

Chun cur chun feidhme a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú, beidh úsáid foirmeacha simplithe cistiúcháin (lena n-áirítear maoiniú nach bhfuil nasctha le costais agus cnapshuimeanna) ina foirm chaighdeánach ranníocaíochta chun deontais a aisíoc. Maidir le húsáid a bhaint as tacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe, ar léir anois go bhfuil sin éifeachtúil chun cistiú an Aontais a dhéanamh níos inrochtana d'eagraíochtaí beaga, leanfar de sin freisin agus d'fhéadfaí é a leathnú i gcás inarb iomchuí. Thairis sin, beidh tionchar dearfach freisin ag úsáid deontas ilbhliantúil a mhéadú. Maidir le bacainní a thagann roimh eagraíochtaí pobail agus iarratasóirí céaduaire, tabharfar aghaidh orthu trí bhearta simpliúcháin spriocdhírithe lena dtabharfar aghaidh ar a gcúinsí, trí chumarsáid fheabhsaithe, agus trí dheiseanna cistiúcháin a chur chun cinn. Trí acmhainní a chomhthiomsú, lena n-áirítear i réimsí amhail faireachán, cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, beidh barainneachtaí scála ann agus feabhsófar intuarthacht chistiú an Aontais ar bhonn níos forleithne i measc tairbhithe, páirtithe leasmhara agus shaoránaigh an Aontais.

- **Cearta bunúsacha**

Ag tógáil ar an gclár Eoraip na Cruthaitheachta agus an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) a bhí ann roimhe seo agus ar línte sainchirt atá ann cheana, is é is aidhm don ionstraim nua luachanna an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear urraim do chearta bunúsacha, don chomhionannas, don daonlathas, chomh maith leis an gcultúr agus na meáin.

Tá sí i gcomhréir leis na luachanna a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus cuirtear na luachanna sin chun cinn léi. Tá cuspóirí an Chláir nua nasctha go dlúth le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus, dá réir sin, tá siad i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais. Go sonrach, beidh an togra seo ina rannchuidiú le cur chun feidhme agus cosaint na gceart agus na bprionsabal a chumhdaítear in Airteagail 8 (sonraí pearsanta a chosaint), 11 (saoirse chun tuairimí a nochtadh, cearta chun faisnéise, saoirse agus iolrachas na meán), 12 (saoirse comhthionóil agus comhlachais), 13 (saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí), 15 (saoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh), 20 agus 21 (comhionannas agus neamh- idirdhealú), 22 (éagsúlacht chultúrtha agus teanga), 23 (comhionannas idir mná agus fir), 24 (cearta an linbh), 26 (cearta daoine faoi mhíchumas), 31 (dálaí oibre cothroma agus córa), 32 (toirmeasc ar leanaí a bheith ag obair agus cosaint daoine óga ag an obair), 33 (saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil), 39 go 46 (cearta saoránach) den Chairt.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

féach Iarscríbhinn

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar an tionscnamh seo tríd an gcreat feidhmíochta le haghaidh bhuiséad 2028- 2034 a shainítear i Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht], ina sonraítear na rialacha sonracha maidir le meastóireachtaí freisin. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus beidh sí bunaithe ar tháscairí atá ábhartha do chuspóirí an chláir.

Cuirfidh Gníomhaireacht Feidhmiúcháin cuid den Chlár chun feidhme faoi mhaoirseacht ranna an Choimisiúin atá freagrach as an gClár.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is iad cuspóirí ginearálta an Chláir an éagsúlacht chultúrtha agus teanga agus an oidhreacht a chur chun cinn, iomaíochas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a mhéadú, go háirithe tionscail na meán agus an chlosamhairc, saoirse ealaíonta agus na meán a chosaint, agus comhionannas, saoránacht ghníomhach, cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt, agus, dá réir sin, rannpháirtíocht dhaonlathach agus athléimneacht shochaíoch laistigh den Aontas á bhfeabhsú.

Laistigh den chuspóir ginearálta sin, beidh trí shnáithe ar leithligh ag an gClár:

Ar an gcéad dul síos, an snáithe 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr', lena gcuirfear chun feidhme an cuspóir sonrach seo a leanas:

(a) Rannchuidiú le cruthú cultúrtha trasteorann, comhar, rannpháirtíocht agus inrochtaineacht, agus scaipeadh trasteorann saothar cultúrtha éagsúil, agus gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus idirnáisiúnta earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta á neartú an tráth céanna.

Ar an dara dul síos, an snáithe 'MEDIA+', lena gcuirfear na cuspóirí sonracha seo a leanas chun feidhme:

(a) Rannchuidiú le héagsúlacht chultúrtha agus iomaíochas thionscail an chlosamhairc agus na bhfíschluichí, go háirithe trí fheabhas a chur ar chruthú agus dáileadh trasteorann ábhair Eorpaigh agus ar an rochtain atá ag saoránaigh air.

(b) Rannchuidiú le héiceachóras faisnéise Aontais atá saor, inmharthana agus éagsúil, go háirithe trí thacú le hiriseoireacht agus leis na meáin nuachta atá saor agus neamhspleách, agus rochtain na saoránach ar fhaisnéis iontaofa á feabhsú agus ag dul i ngleic leis an mbréagaisnéis.

Ar an tríú dul síos, snáithe an Daonlathais, na Saoránach, an Chomhionannais, na gCeart agus na Luachanna ('CERV+'), lena gcuirfear na cuspóirí sonracha seo a leanas chun feidhme:

(a) Rannchuidiú le cearta bunúsacha, comhionannas agus neamh- idirdhealú agus cearta shaoránaigh an Aontais a chumhdaítear sna Conarthaí a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear saorghluaiseacht saoránach, agus an tsochaí shibhialta a chumhachtú.

(b) Rannchuidiú leis an gcomhrac in aghaidh foréigean inscnebhunaithe, foréigean in aghaidh leanaí agus grúpaí eile atá i mbaol foréigean den sórt sin.

(c) Rannchuidiú le rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú agus leis an smacht reachta a chaomhnú..

Chun tionchar a uasmhéadú agus sineirgí a fheabhsú ar fud na snáitheanna, beidh an Clár ina thaca le gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha lena rannchuidítear leis an gcuspóir ginearálta, go háirithe trí shineirgí a fhorbairt idir na réimsí cultúrtha, meán agus sibhialta agus trí chomhar agus nuálaíocht trasearnála a chur chun cinn.

Chun go mbeidh an Clár éifeachtach, ba cheart cineál sonrach na mbeartas éagsúil, a spriocghrúpaí éagsúla agus a riachtanais shonracha a chur san áireamh leis trí chuir chuige spriocdhírithe.

2025/0550 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an clár 'AgoraEU' le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 19(2), 21(2), 24, 167(5), 168(5) agus 173(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[9],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, ar comhluachanna ag na Ballstáit iad i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh- idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir ('luachanna an Aontais'). Léirítear luachanna an Aontais sna cearta, sna saoirsí agus sna prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Le hAirteagal 3 CAE, tugtar sainordú breise don Aontas cosaint chearta an linbh a chur chun cinn. Luaitear thairis sin in Airteagal 10 CAE go mbeidh feidhmiú an Aontais fothaithe ar an daonlathas ionadaíoch, go ndéantar ionadaíocht dhíreach do na saoránaigh ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa agus go bhfuil sé de cheart ag na saoránaigh a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Le hAirteagal 20 bunaítear saoránacht an Aontais agus leagtar amach na cearta tábhachtacha a theachtfaidh, *inter alia*, saoránaigh an Aontais.

(2) Is comhpháirteanna ríthábhachtacha d'Aontas atá saor, cothrom, éagsúil, ionchuimsitheach agus comhtháite iad uile an cultúr agus na meáin, agus luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a urramú. Tá rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na saoránach, agus urraim chuí á tabhairt do luachanna an Aontais, mar bhonn faoi shaol daonlathach an Aontais, agus tá ról ríthábhachtach ag na meáin maidir le tuairimí an phobail agus díospóireacht shaor a mhúnlú. Tá saothair chlosamhairc agus gach cineál léirithe chultúrtha agus chruthaithigh eile, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha,

9 IO C , , lch. .
10 IO C , , lch. .

fíor- riachtanach d'éagsúlacht na hEorpa agus chun athléimneacht shochaíoch agus comhthuiscint a chothú i measc shaoránaigh agus phobail na hEorpa.

(3) Leis an gClár 'AgoraEU' (an 'Clár') soláthrófar rannchuidiú mór leis na cuspóirí, na cearta agus na luachanna sin a bhaint amach agus a fhíorú.

(4) Ba cheart an Clár a theacht i gcomharbacht ar an gClár Eoraip na Cruthaitheachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus ar an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. Leis sin ba cheart gníomhaíochtaí cistiúcháin éagsúla a chuíchóiriú mar thaca le saoirse agus iolrachas na meán, an bhréagaisnéis a chomhrac chun tacú le faisnéis maidir le gnóthaí an Aontais a sholáthar. Tá na meáin shaora iolraíocha agus an tsochaí shibhialta shaor iolraíoch i measc phríomhfhorais faire chórais dhaonlathacha an Aontais, tá ról ríthábhachtach acu maidir le hathléimneacht dhaonlathach, agus ba cheart tacú leo. Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le hearnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus na meán, ba cheart leas a bhaint as cumhacht an chultúir agus na héagsúlachta cultúrtha leis, ba cheart an spás faisnéise a fheabhsú leis, agus ba cheart é a bheith ina thaca le hiarrachtaí an Aontais chun sochaí atá bunaithe ar chearta, agus atá ionchuimsitheach, comhionann agus daonlathach, a neartú. Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh an Chláir 'AgoraEU'[13]. Chun críoch an Rialacháin seo, déantar praghsanna reatha a ríomh trí dhíbhoilsceoir seasta 2 % a chur i bhfeidhm.

(5) Chun bheith éifeachtach, leis an gClár ba cheart cineál sonrach agus dúshláin na réimsí beartais agus na n-earnálacha éagsúla a chur san áireamh, mar aon lena spriocghrúpaí éagsúla agus lena riachtanais ar leith trí chuir chuige spriocdhírithe.

(6) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil níos solúbtha agus lena chláir. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí an Chláir 'AgoraEU', leis an gcistiú tabharfar aird chuí ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú an tráth céanna le haghaidh an chur chun feidhme.

(7) Maidir le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear na taibhealaíona (amhail amharclannaíocht agus rince), litríocht agus foilsitheoireacht leabhar, ceol, na hamharc- ealaíona, oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe, ailtireacht, cartlanna, leabharlanna agus músaeim, ceardaíocht agus dearadh (lena n-áirítear dearadh faisin), feidhmíonn siad mar 'leas poiblí', lena

[11] Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/818/oj).

[12] Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle (IO L 156, 5.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/692/oj).

[13] I gcás inarb ábhartha, leis an tacaíocht a sholáthraítear leis an gClár, cuirfear dlús le hinfheistíochtaí nó cuirfear borradh fúthu trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach, agus dúbláil nó plódú á seachaint, agus trí chistiú príobháideach a dhreasú, agus beidh breisluach Aontais ag baint léi.

ngintear brí agus lena léirítear luachanna an Aontais. Is sócmhainn iontach iad freisin le haghaidh an Aontais agus a réigiún, rud a mheallann turasóireacht inbhuanaithe agus a chuireann íomhá d'ilchríoch dhinimiciúil chun cinn ar an leibhéal domhanda. Leis an gClár ba cheart a chur san áireamh, ar thaobh amháin, a luach intreach agus ealaíonta, agus, ar an taobh eile, a rannchuidiú eistreach sóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear le comhtháthú sóisialta agus críochach, folláine agus sláinte, fás agus cruthú post, iomaíochas, cruthaitheacht agus nuálaíocht.

(8) Mar sin féin, tá earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ilroinnte ar bhonn náisiúnta agus teanga san Aontas. Tá dúshláin iomadúla rompu freisin, amhail ionsaithe ar shaoirse an léirithe ealaíonta, dálaí oibre forbhásacha, claochluithe digiteacha le méadú na hintleachta saorga, agus an gá atá le hoiriúnú don athrú aeráide. Ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú leis na hearnálacha sin chun freagairt do na dúshláin sin, leas a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán agus iad féin a chur chun cinn go diongbháilte amach anseo agus an rannpháirtíocht is leithne á háirithiú, lena n-áirítear ó ghníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha, trí bhealaí agus formáidí éagsúla.

(9) Is oidhreacht chomhroinnte ríluachmhar í oidhreacht chultúrtha na hEorpa ach tá srianta buiséid, tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dheasca an duine, an t-athrú aeráide agus coinbhleachtaí réigiúnacha le sárú aici. Tá sé tábhachtach oidhreacht den sórt sin a chosaint agus a chaomhnú, agus rochtain á feabhsú agus féiniúlacht Eorpach chomhchoiteann á cothú. Leis an gcaomhnú digiteach, áirithítear thairis sin gur féidir leis na glúnta atá le teacht foghlaim óna n-oidhreacht chultúrtha, tuiscint a fháil uirthi agus inspioráid a bhaint aisti.

(10) Leis an gClár ba cheart tacaíocht airgeadais a thabhairt freisin do ghníomhaíochtaí an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh agus Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa, lena ndéantar éagsúlacht agus oidhreacht chultúrtha shaibhir na hEorpa a cheiliúradh agus a chaomhnú, agus í á nascadh leis an leibhéal áitiúil agus ag rannchuidiú le straitéisí forbartha atá dírithe ar an gcultúr.

(11) Tá seasamh uathúil ag earnálacha meán na hEorpa inár ndaonlathais, inár gcultúr agus inár ngeilleagair. Cuimsíonn siad, *inter alia*, ábhar amhail scannáin, sraitheanna, físchluichí, nuacht agus faisnéis, réaltacht thumthach agus ilmheáin, chomh maith le seirbhísí lena n-áirítear taispeántais amharclainne, craoltóireacht teilifíse agus raidió, foilsitheoireacht chlóite agus ar líne, fógraíocht físeán agus podchraoltaí ar líne. Leis an gclaochlú digiteach, go háirithe méadú na hintleachta saorga, cuireadh dlús le cóineasú na meán, athraíodh iompraíocht tomhaltóirí, cuireadh isteach ar shamhlacha gnó agus ioncaim, chomh maith le bainistiú agus saothrú maoine intleachtúla. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas cuidiú le rath na meán san Aontas, nuálaíocht agus rochtain ar mhaoiniú a chothú, crostoirchiú idir earnálacha na nuachta agus an chlosamhairc agus earnálacha meán eile a chur chun cinn, agus tacú leis an gcomhar idir cineálacha éagsúla eintiteas meán ar fud an Aontais.

(12) Tá dúshláin roimh earnáil closamhairc an Aontais a eascraíonn as scaipeadh trasteorann teoranta, as nósanna tomhaltais athraitheacha agus as ceannas gníomhaithe nach gníomhaithe de chuid an Aontais iad. I bhfianaise na ndúshlán sin, ba cheart d'idirghabháil an Aontais tacú le hinniúlacht thionscail chlosamhairc agus físchluichí na hEorpa chun saothair Eorpacha a chruthú, a mhaoiniú, a tháirgeadh agus a scaipeadh ar na hardáin uile atá ar fáil agus atá tarraingteach do lucht féachana agus éisteachta laistigh den Aontas agus níos faide i gcéin. Ba cheart oiriúnuithe trasmheán ar mhaoin intleachtúil a chothú léi idir formáidí meán éagsúla, ba cheart í a bheith ina

rannchuidiú le comhar a chur chun cinn i measc na mBallstát ag a bhfuil inniúlachtaí margaidh éagsúla, agus ba cheart í a bheith ag gabháil le creat rialála closamhairc an Aontais.

(13) Tá eagraíochtaí meán nuachta agus iriseoirí ar fud an Aontais faoi bhrú méadaithe, go háirithe de dheasca an mhéadaithe atá tagtha ar ardáin dhomhanda ar líne, nósanna tomhaltais athraitheacha agus scaipeadh méadaitheach na bréagaisnéise. Bíonn tionchar ag na dúshláin sin ar ioncam agus dáileadh nuachta, rud a bhaineann an bonn d'inmharthanacht agus iontaoibh an phobail in eagraíochtaí meán nuachta, agus a chuireann teorainn le rochtain na saoránach ar ábhar iriseoireachta Eorpach atá éagsúil agus a tháirgtear go gairmiúil. Ba cheart don Aontas tacú le héiceachóras faisnéise inmharthana, neamhspleách agus éagsúil, iriseoirí atá faoi bhagairt a chosaint, saoirse agus iolrachas na meán a chur chun cinn, agus sláine an spáis faisnéise a threisiú, trí bhearta a chur chun cinn agus comhar a fheabhsú a bhfuil sé d'aidhm acu dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus tacú le litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach agus litearthacht na meán le haghaidh daoine óga.

(14) Tá méadú ag teacht ar na dúshláin atá roimh dhaonlathais san Aontas. Géaraítear laghdú iontaoibh na saoránach in institiúidí agus próisis dhaonlathacha de dheasca tionchar a bheith ag bréagaisnéis, polarú sóisialta agus fuath ar na próisis toghcháin agus ar phróisis dhaonlathacha eile. Tá gá le cur chuige uile- shochaí chun daonlathas na hEorpa a dhéanamh níos athléimní.

(15) Rannchuidíonn cosaint agus cur chun cinn ceart bunúsach le hAontas atá níos daonlathaí a thógáil. Is croíphrionsabal de chuid an Aontais é an neamh- idirdhealú a chumhdaítear in Airteagal 19 CFAE agus in Airteagal 21 den Chairt. Trí oibriú i dtreo sochaí atá cothrom agus saor ó idirdhealú, rannchuidítear le leas a bhaint as acmhainneacht daoine aonair ina n-éagsúlacht agus le fás cultúrtha, eacnamaíoch agus sóisialta. Tá an méid sin ina chuidiú freisin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna tábhachtacha an fhoréigin in aghaidh grúpaí leochaileacha, rud atá ina ionsaí díreach ar an gcomhionannas dá réir sin. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál idirdhealaithe agus éadulaingthe, is é sin idirdhealú díreach agus indíreach, agus aird á tabhairt ar na cineálacha sonracha idirdhealaithe struchtúraigh agus thrasnaigh, d'fhonn tacú le creataí beartais ábhartha an Aontais. Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le gníomhaíochtaí chun an méid seo a leanas a chosc agus a chomhrac: gach cineál seineafóibe agus ciníochais, frithsheimíteachais agus fuatha fhrith-Mhoslamaigh, homafóibe, défhóibe, trasfhóibe, idirfhóibe, éadulaingthe agus idirdhealaithe bunaithe ar fhéiniúlacht inscne, éadulaingthe i leith daoine ar de mhionlaigh iad lena n-áirítear na Romaigh, chomh maith le fuathchaint. Ba cheart an Clár a bheith ina rannchuidiú freisin lena chur ar a chumas don Aontas an gealltanas a tugadh mar Pháirtí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a glacadh an 13 Nollaig 2006[14] a chur i gcrích chun teachtadh iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus na saoirsí bunúsacha uile a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú i gcás gach duine faoi mhíchumas.

(16) Déantar na cearta chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint, a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt agus in Airteagal 16 CFAE agus in Airteagal 8

---

[14] IO L 23, 27.01.2010, lgh. 35-36

den Chairt faoi seach, a fhorfheidhmiú le Rialachán[15] agus Treoir[16] thiomnaithe. Le creat dlíthiúil an Aontais, leagtar síos forálacha chun a áirithiú go gcosnófar go héifeachtach an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint. Leis na hionstraimí dlí sin, téitear ar iontaoibh na n-údarás maoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí chun feasacht agus tuiscint an phobail ar na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a chur chun cinn. Leis an gClár, ba cheart rannchuidiú le feasacht a ardú, staidéir agus gníomhaíochtaí ábhartha eile a dhéanamh sa réimse sin, lena n-áirítear trí na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí, i bhfianaise a thábhachtaí atá an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta le linn tréimhsí ina bhfuil forbairtí teicneolaíochta á ndéanamh go tapa.

(17) Cheart bunúsach agus cuspóir de chuid an Aontais is ea an comhionannas inscne agus ba cheart an Clár a bheith ina thaca leis sin. D'ainneoin roinnt mhaith éachtaí, tá dúshláin mhóra fós ann nach mór tiomantas an Aontais a threisiú ina leith. Áirítear leis sin oibriú i dtreo saoirse ó fhoréigean inscnebhunaithe, na caighdeáin sláinte is airde, lena n-áirítear go háirithe sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe, pá comhionann agus cumhachtú eacnamaíoch, cothromaíocht oibre is saoil agus cúram, fostaíocht, deiseanna gairme agus dálaí oibre comhionanna, oideachas ardcháilíochta agus cuimsitheach, rannpháirtíocht pholaitiúil agus ionadaíocht chomhionann, sásraí institiúideacha lena dtacaítear le cearta na mban, lena dtéitear i ngleic go gníomhach le steiréitíopaí inscne agus lena dtugtar aghaidh ar idirdhealú trasnach.

(18) Is sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha iad foréigean inscnebhunaithe agus foréigean in aghaidh na mban, leanaí, daoine óga agus grúpaí eile atá i mbaol, amhail daoine LADTIA agus daoine faoi mhíchumas, agus leanann na cineálacha sin foréigin de bheith ann ar fud an Aontais, i ngach comhthéacs sóisialta agus eacnamaíoch. Is sárú ar chearta an duine é an foréigean in aghaidh na mban agus na ndaoine a bhaineann le grúpaí eile atá i mbaol agus is ionsaí díreach ar an gcomhionannas é. Dá réir sin, is riachtanas sochaíoch é foréigean den sórt sin a chosc agus aghaidh a thabhairt air agus rannchuidíonn sé sin le dul i ngleic leis an idirdhealú sin chomh maith le haghaidh a thabhairt ar thionchair an fhoréigin, lena n-áirítear tionchair ar an tsláinte. An tráth céanna, trí shochaí atá saor ó idirdhealú a áirithiú, cuideofar freisin le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an fhoréigin in aghaidh grúpaí leochaileacha, ós rud é go bhfuil dlúthnasc eatarthu. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart leanúint d'iarracht sheanbhunaithe an Aontais an foréigean a chosc, freagairt dó agus é a chomhrac ar gach leibhéal chomh maith le cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh dhíreacha agus indíreacha uile an fhoréigin agus do mharthanóirí foréigin, agus cur leis na cúig ghlúin leantacha de chlár agus snáithe Daphne[17]. Leis an gClár ba cheart tacú le baint amach chuspóirí Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, coinbhinsiún a glacadh in Iostanbúl an 11 Bealtaine 2011, le cur chun feidhme an Mholta ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh[18], lena gcosnaítear leanaí ar gach cineál foréigin, chomh maith le rannchuidiú lena chur ar a chumas don Aontas an gealltanas a tugadh mar Pháirtí i gCoinbhinsiún

---

15 IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88.
16 IO L 119, 4.5.2016, lgh. 89-131.
17 Trí ghlúin leantacha de chlár Daphne ( IO L 34, 9.2.2000, lch. 1; IO L 143, 30.4.2004, lch. 1; IO L 173, 3.7.2007, lgh. 19- 26), agus torthaí shnáitheanna Daphne den Chlár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht (IO L 354, 28.12.2013, lgh. 62- 72) agus an Clár CERV (IO L 156, 5.5.2021, lgh. 1- 20).
18 C(2024) 2680 final (IO L, 2024/1238, 14.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/1238/oj).

na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh, coinbhinsiún lena gcosnaítear daoine faoi mhíchumas ar aon chineál dúshaothraithe, foréigin agus mí- úsáide.

(19) I gcomhréir le *acquis* an Aontais maidir le cóir chomhionann, tá comhlachtaí neamhspleácha curtha ar bun ag na Ballstáit chun cóir chomhionann ('comhlachtaí comhionannais') a chur chun cinn, a bhfuil príomhról acu maidir le comhionannas a chur chun cinn agus cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta maidir le cóir chomhionann a áirithiú. Thairis sin, ba cheart an Clár a bheith ina thaca le Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet) atá comhdhéanta de na comhlachtaí comhionannais náisiúnta dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle[19] agus i dTreoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], ós rud é gurb é Equinet an t-aon eintiteas amháin a áirithíonn comhordú gníomhaíochtaí idir comhlachtaí comhionannais. Tá sé sin ríthábhachtach chun dlí frith- idirdhealaithe an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach sna Ballstáit.

(20) Saoránaigh ar fud an Aontais, a dtaistealaíonn roinnt mhaith acu go tráthrialta, nó go hócáideach ar a laghad, chuig Ballstát eile,chun cónaí ann, chun staidéar a dhéanamh ann, chun obair nó obair dheonach a dhéanamh ann, ba cheart dóibh a bhrath gur féidir leo a gcearta saoránachta a theachtadh agus a fheidhmiú agus a n-iontaoibh a chur i rochtain chomhionann, in- fhorfheidhmitheacht iomlán agus cosaint a gceart gan aon idirdhealú, is cuma cén áit san Aontas a bhfuil siad. Ba cheart do na saoránaigh a bheith níos feasaí ar a gcearta a eascraíonn as saoránacht an Aontais, is é sin a gceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse san Aontas, a gcearta vótála agus iad ina gcónaí i mBallstát eile, a gceart chun achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa in aon cheann de na teangacha oifigiúla, a gceart chun tionscnaimh ó na saoránaigh a chur isteach agus a gceart chun gearáin a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach in aghaidh drochriarachán institiúideach.

(21) Má spreagtar saoránaigh chun ról níos gníomhaí a ghlacadh sa daonlathas ar leibhéal an Aontais, neartófar sochaí shibhialta na hEorpa agus cothófar forbairt féiniúlachta Eorpaí. Dá bhrí sin, is gá tacú leis an tsochaí shibhialta chun luachanna an Aontais a chur chun cinn, a chosaint agus feasacht orthu a ardú agus chun rannchuidiú le teachtadh éifeachtach ceart faoi dhlí an Aontais. Nuair a ghlacann saoránaigh an Aontais páirt i saol daonlathach an Aontais, rannchuidíonn siad le daonlathas ionadaíoch a fhíorú, ar prionsabal é ar a bhfuil feidhmiú an Aontais fothaithe agus lena léirítear go coincréiteach luach an daonlathais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE.

(22) Chun an tAontas a thabhairt níos cóngaraí dá chuid saoránach agus chun rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú, tá gá le gníomhaíochtaí agus iarrachtaí comhordaithe éagsúla. Ba cheart an tsaoránacht Eorpach agus an fhéiniúlacht Eorpach

---

[19] Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh cinīoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE (IO L, 2024/1499, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1499/oj).

[20] Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE (IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1500/oj).

a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thuiscint na saoránach ar an bpróiseas ceaptha beartas a spreagadh agus trí rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí an Aontais. Tá gá le gníomhaíochtaí cuimhneacháin agus machnamh criticiúil ar chuimhne stairiúil na hEorpa chun saoránaigh a chur ar an eolas faoin stair choiteann, agus chun bonn a leagan síos do thodhchaí choiteann agus do luachanna comhroinnte. Thairis sin, trí thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta sna réimsí a chumhdaítear leis an gClár, rannchuideofar le rannpháirtíocht na saoránach sa tsochaí a mhéadú agus ar deireadh lena rannpháirtíocht ghníomhach i saol daonlathach an Aontais a mhéadú. An tráth céanna, trí thacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear comhthuiscint, idirphlé idirchultúrtha, éagsúlacht chultúrtha agus teanga, cuimsiú sóisialta agus urraim do dhaoine eile chun cinn, cothaítear braistint muintearais leis an Aontas agus braistint saoránachta coitinne faoi fhéiniúlacht Eorpach, agus í bunaithe ar thuiscint chomhroinnte ar ár luachanna, ár gcultúr, ár stair agus ár n-oidhreacht Eorpach choiteann.

(23) Tá ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí sochaí sibhialta, agus ag gníomhaithe eile sa spás sibhialta, amhail comhlachtaí neamhspleácha um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais agus Institiúidí Ombudsman, maidir le rannchuidiú le cur chun feidhme beartais, rannpháirtíocht daoine a spreagadh, institiúidí a thabhairt chun cuntais, agus athrú dearfach a spreagadh. Ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú chun acmhainní leordhóthanacha agus timpeallacht chumasúcháin a áirithiú ionas gur féidir leo oibriú go neamhspleách, faoi shaoirse, go sábháilte agus go héifeachtach. Chuige sin, ba cheart cistiú ón Aontas a bheith ina chomhlánú ar iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta trí thacú lena n-acmhainneacht, trína n-acmhainneacht a chosaint, a chumhachtú agus a fhothú, mar a chuirtear i dtábhacht sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Aibreán 2018[21], agus sna conclúidí ón gComhairle an 10 Márta 2023[22] agus an 7 Márta 2025[23]. Tá ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta freisin maidir lena áirithiú go gcuirfear Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] chun feidhme go héifeachtach trí chultúr labhairt amach agus timpeallacht fhabhrach do sceithirí eolais a chothú.

(24) Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur struchtúr dlíthiúil é an tAontas atá bunaithe ar an mbonn bunúsach go bhfuil na comhluachanna atá in Airteagal 2 CAE, ar a bhfuil an tAontas fothaithe, á gcomhroinnt ag gach Ballstát leis na Ballstáit uile eile, agus go n-aithníonn siad go bhfuil na luachanna sin á gcomhroinnt acu leis an Aontas[25]. Tá an bonn sin bunaithe ar shaintréithe sonracha agus fíor- riachtanacha de dhlí an Aontais, lena n-áirítear an uathriail atá aige i ndáil le dlíthe na mBallstát agus leis an dlí idirnáisiúnta. Leis an mbonn sin, tugtar le tuiscint gur ann d'iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit, agus tugtar údar leis an iontaoibh

[21] 2018/2619(RSP) (IO C 390, 18.11.2019, lgh. 117- 119, https://eur-lex.europa.eu/legal content/EN/TXT/?uri=oj:JOC_2019_390_R_0017)

[22] ST- 7388/23, Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; Ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas

[23] ST- 6878/25, Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú

[24] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17, ELI:http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1937/oj).

[25] Eascraíonn sin go díreach as Tuairim 2/13, EU:C:2014:2454, mír 168.

sin, go n-aithneofar na luachanna sin agus, dá bhrí sin, go n-urramófar dlí an Aontais lena gcuirtear chun feidhme iad. Dá bhrí sin, Ballstát na luachanna atá in Airteagal 2 CAE a chomhlíonadh, is coinníoll é sin chun na cearta uile a theachtadh a eascraíonn as cur i bhfeidhm na gConarthaí maidir leis an mBallstát sin. Dá bhrí sin, dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur féidir léi, sna réimsí ina bhfuil an tAontas inniúil, beart a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar na luachanna a leagtar amach in Airteagal 2 CAE.

(25) Tráth atá dúshláin roimh shochaithe na hEorpa lena ndéantar difear do dhaonlathais, amhail ardú ar antoisceachas agus éadulaingt, bréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis ó ghníomhaithe naimhdeacha, tá sé ríthábhachtach go leanfar de luachanna an Aontais, amhail urraim do chearta bunúsacha, comhionannas agus daonlathas, a shaothrú, a chosaint, a chur chun cinn, a fhorfheidhmiú agus a chomhroinnt go gníomhach i measc na saoránach agus na bpobal, ionas go leanfaidh na luachanna sin de bheith i gcroílár thionscadal an Aontais. Maidir le meath ar a gcosaint in aon Bhallstát, is féidir éifeachtaí díobhálacha a bheith aige sin ar an Aontas trí chéile. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go rannchuideoidh an Clár seo le luachanna an Aontais a chosaint, lena n-áirítear urraim do chearta bunúsacha, don chomhionannas agus don daonlathas.

(26) I bhfianaise na rioscaí méadaitheacha atá nasctha le guaiseacha nádúrtha, tubaistí aeráide agus comhshaoil, éigeandálaí sláinte, timpistí teicneolaíocha, bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, agus suaitheadh eile, tá sé fíor- riachtanach feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát géarchéimeanna a réamh- mheas, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart an Clár a bheith ina thaca le hoideachas agus rannpháirtíocht na saoránach maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus, dá réir sin, athléimneacht na sochaí a fheabhsú.

(27) Dá bhrí sin, ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu an daonlathas san Aontas a chosaint agus a neartú, iontaoibh an phobail sa daonlathas agus in institiúidí daonlathacha a threisiú, ullmhacht agus athléimneacht dhaonlathach a neartú, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na saoránach agus feasacht na saoránach ar stair agus luachanna coiteanna a chothú, rud a thacaíonn, dá réir sin, leis na saoránaigh a gcearta a fheidhmiú, lena n-áirítear a gcearta toghchánacha, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát maidir le toghcháin a eagrú. Ba cheart an Clár a bheith ina rannchuidiú freisin le smaointeoireacht chriticiúil, rannpháirtíocht saoránach agus daonlathas a chothú tríd an oideachas mar iarracht ar feadh an tsaoil, ionas go mbeidh na scileanna ag na saoránaigh uile chun ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus bréagaisnéis a aithint.

(28) Leis an gClár ba cheart sineirgí agus comhlántacht a chothú leis an Eoraip Dhomhanda toisc go mbeidh sé ina rannchuidiú le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta an Aontais a chur chun cinn agus le cuspóirí gníomhaíochta seachtraí an Aontais trí chomhar cultúrtha.

(29) Leis an gClár ba cheart tacú freisin le tacaíocht theicniúil agus eagraíochtúil a mhaoiniú chun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] a chur chun feidhme, rud a bheadh mar bhonn taca, dá réir sin, faoi

---

[26] Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj).

shaoránaigh an ceart a fheidhmiú chun tionscnaimh ó na saoránaigh a sheoladh agus chun tacú leo. I dteannta na gceart eile a leagtar amach in Airteagal 24 CFAE, leis an gceart sin áirithítear rannpháirtíocht dhíreach na saoránach i saol daonlathach an Aontais.

(30) Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart an ráthaíocht bhuiséadach agus na hionstraimí airgeadais faoin gClár, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le cineálacha eile tacaíochta neamh- inaisíoctha in oibríochtaí measctha, a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme d'Ionstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas (CEI) trí chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le haghaidh an chineáil sin tacaíochta faoi Ionstraim InvestEU CEI.

(31) I gcás ina bhfuil tacaíocht ón Aontas faoin gClár le soláthar i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach nó ionstraim airgeadais, lena n-áirítear i gcás ina gcomhcheanglaítear í le tacaíocht neamh- inaisíoctha in oibríocht mheasctha, is gá an tacaíocht sin a sholáthar go heisiach trí Ionstraim InvestEU CEI i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme d'Ionstraim InvestEU CEI.

(32) Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann gealltanais bhuiséadacha a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla. Sa chás sin, ba cheart don Choimisiún na tráthchodanna bliantúla a ghealladh le linn chur chun feidhme an Chláir, agus dul chun cinn na ngníomhaíochtaí a fhaigheann cúnamh airgeadais, a riachtanais mheasta agus an buiséad atá ar fáil á gcur san áireamh.

(33) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] maidir leis an gClár. Leagtar síos leis an Rialachán sin na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, cur chun feidhme indíreach, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

(34) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28], Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[29], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[30] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[31], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear

---

[27] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

[28] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

[29] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

[30] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

[31] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go sonrach, i gcomhréir le Rialacháin (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ('OLAF') imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí cé acu a tharla nó nár tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chalaois agus ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú.

(35) Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht] lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú go ndéanfar na prionsabail a bhaineann le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith le forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cláir sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht, agus raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí agus na dtosaíochtaí á gcur san áireamh.

(36) Ba cheart an Clár a bheith ina thaca freisin le ról Deasc Cláir, a bhfuil an deis ag na Ballstáit iad a bhunú, agus ar cheart dóibh treoraíocht agus cúnamh a sholáthar d'iarratasóirí maidir le deiseanna cistiúcháin agus comhar trasteorann, lena rannchuidítear le hinfheictheacht agus scaipeadh for- rochtana an Chláir i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht]. Ba cheart do na Deasca Cláir a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách agus gan cur isteach ó údaráis phoiblí ina gcinnteoireacht, agus níor cheart aon fhreagracht a bheith orthu maidir le bainistiú an chláir[33].

---

[32] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

[33] Chun an Clár a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, faisnéis ábhartha a sholáthar maidir leis na cineálacha éagsúla tacaíochta airgeadais atá ar fáil faoi bheartas an Aontais, agus cúnamh a thabhairt d'oibreoirí chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoin gClár, leis an gClár tacófar le Deasca a bhunú i dtíortha rannpháirteacha. Cuirfidh na Deasca a ngníomhaíochtaí chun feidhme, a bhfuil sé d'aidhm acu for- rochtain, infheictheacht agus scaipeadh thorthaí an Chláir a fheabhsú, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais maidir le hoibleagáidí faisnéise,

(37) De bhun Airteagal 85(1) de Chinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle[34], tá daoine agus eintitis atá bunaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiúchán faoi réir chuspóirí rialaithe an Chláir agus faoi réir socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

(38) Éilítear leibhéal áirithe cómhalartachta agus ailínithe rialála le haghaidh rannpháirtíocht tríú tíortha sa chuspóir sonrach 'Closamharc'. Ar an gcúis sin, ba cheart staid a margaí closamhairc, gaireacht a gcreataí dlíthiúla le *acquis* an Aontais maidir leis na meáin chlosamhairc, go háirithe Treoir 2010/13/AE, agus an rochtain ar a scéimeanna tacaíochta a chur san áireamh agus Comhaontuithe Comhlachais á dtabhairt i gcrích. Tá tábhacht ar leith leis sin maidir le tíortha Eorpacha eile, a dtairbhíonn a saothair chlosamhairc d'fhorálacha Threoir 2010/13/AE lena gcuirtear saothair Eorpacha chun cinn, go háirithe córas na gcuótaí. I gcás sonrach na dtíortha aontacha, na dtíortha is iarrthóirí agus na n-iarrthóirí ionchasacha, an ceanglas chun a reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le Treoir 2010/13/AE, áiríodh cheana féin i Rialachán (AE) 2021/818 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta é. Dreasacht éifeachtúil a bhí sa choinníoll sin chun dlús a chur lena gcuid oibre maidir leis an ailíniú foriomlán le *acquis* an Aontais i bhfianaise an aontachais.

(39) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, de bharr chineál trasnáisiúnta na ndúshlán, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(40) Bunaítear leis an Rialachán seo an Clár le haghaidh 2028 go 2034, a thiocfaidh i gcomharbacht ar na Cláir a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818 le haghaidh 2021 go 2027. Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Bunaítear leis an Rialachán seo an Clár 'AgoraEU' ('an Clár') agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad le haghaidh na tréimhse 2028- 2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha chun an cistiú sin a sholáthar.

---

cumarsáide agus infheictheachta, lena n-áirítear go háirithe oibleagáidí le haghaidh tairbhithe agus comhpháirtithe cur chun feidhme

[34] Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) (IO L 355, 7.10.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1764/oj).

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

ciallaíonn 'nós imeachta dámhachtana' nós imeachta dámhachtana, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, chomh maith le nósanna imeachta um thabhairt ar iontaoibh cur chun feidhme tacaíochta agus soláthar tacaíochta trí ionstraimí airgeadais, um an ráthaíocht bhuiséadach a dheonú, nó um thacaíocht a sholáthar faoin ráthaíocht bhuiséadach.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí an Chláir**

(1) Is iad cuspóirí ginearálta an Chláir an éagsúlacht agus an oidhreacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn, iomaíochas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a mhéadú, go háirithe tionscail na meán agus an chlosamhairc, saoirse ealaíonta agus saoirse na meán a chosaint, agus comhionannas, saoránacht ghníomhach, cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt, agus, dá réir sin, rannpháirtíocht dhaonlathach agus athléimneacht shochaíoch laistigh den Aontas a fheabhsú.

(2) Laistigh de na cuspóirí ginearálta a leagtar amach i mír 1, beidh na snáitheanna seo a leanas ag an gClár, lena gcuirtear na cuspóirí sonracha seo a leanas chun feidhme:

(a) leis an Snáithe 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr' déanfar an méid seo a leanas:

i. rannchuideofar le cruthú, comhar, rannpháirtíocht agus inrochtaineacht chultúrtha trasteorann, agus scaipeadh trasteorann saothar cultúrtha éagsúil, agus gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus idirnáisiúnta earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ('cultúr') á neartú an tráth céanna;

(b) leis an snáithe 'MEDIA+' déanfar an méid seo a leanas:

i. rannchuideofar le héagsúlacht chultúrtha agus iomaíochas thionscail an chlosamhairc agus na bhfíschluichí, go háirithe trí fheabhas a chur ar chruthú agus dáileadh trasteorann ábhair Eorpaigh agus ar an rochtain atá ag saoránaigh air ('closamharc');

ii. rannchuideofar le héiceachóras faisnéise Aontais atá saor, inmharthana agus éagsúil, go háirithe trí thacú le hiriseoireacht agus leis meáin nuachta atá saor agus neamhspleách, rud a chuirfidh feabhas ar rochtain na saoránach ar fhaisnéis iontaofa agus a rachaidh i ngleic leis an mbréagaisnéis ('nuacht');

(c) le snáithe an Daonlathais, na Saoránach, an Chomhionannais, na gCeart agus na Luachanna ('CERV+'), déanfar an méid seo a leanas:

i. rannchuideofar le cearta bunúsacha, comhionannas agus neamh- idirdhealú agus cearta shaoránaigh an Aontais a chumhdaítear sna Conarthaí a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear saorghluaiseacht saoránach, agus an tsochaí shibhialta a chumhachtú (‘cearta, comhionannas, saoránaigh agus an tsochaí shibhialta’);

ii. rannchuideofar leis an gcomhrac in aghaidh foréigean inscnebhunaithe, foréigean in aghaidh leanaí agus grúpaí eile atá i mbaol foréigean den sórt sin (‘Daphne’);

iii. rannchuideofar le rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú agus leis an smacht reachta a chaomhnú (‘rannpháirtíocht dhaonlathach agus an smacht reachta’).

(3) Chun tionchar a uasmhéadú agus sineirgí a fheabhsú ar fud na snáitheanna dá dtagraítear i mír 2, leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha lena rannchuideofar leis an gcuspóir ginearálta dá dtagraítear i mír 1, go háirithe trí shineirgí a fhorbairt idir na réimsí cultúrtha, meán agus sibhialta agus trí chomhar agus nuálaíocht trasearnála a chur chun cinn.

# Caibidil II

# An snáithe Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr

*Airteagal 4*

***Cultúr***

Laistigh den snáithe Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr, leis an gcuspóir sonrach ‘Cultúr’, lena gcumhdaítear earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, díreofar ar an méid seo a leanas:

(a) cruthú, comhar agus malartuithe trasteorann a chothú i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear trí shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, cónaitheacht ealaíonta, chomh maith le comhpháirtíochtaí idir eagraíochtaí de gach méid;

(b) feabhas a chur ar rochtain ar chultúr agus ar oidhreacht chultúrtha agus rannpháirtíocht iontu do chách, go háirithe do dhaoine óga, agus athléimneacht shóisialta agus comhtháthú sóisialta a neartú, go háirithe cothroime idirghlúine, comhionannas agus éagsúlacht, trí rannpháirtíocht chultúrtha;

(c) tacú le scaipeadh, dáileadh, cur chun cinn agus infheictheacht ábhair chultúrtha éagsúil Eorpaigh trí bhealaí éagsúla ar fud an Aontais agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear trí ardáin Eorpacha d’ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, tacaíocht d’eintitis arb é is aidhm dóibh oiliúint a chur ar ealaíontóirí óga agus iad a chur chun cinn, duaiseanna lena gcuirtear

chun cinn tallann agus barr feabhais ealaíonta, tionscnaimh chamchuairte, féilte agus an t-aistriúchán;

(d) acmhainneacht agus scileanna in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú chun nuálaíocht agus iomaíochas a spreagadh agus chun dul i ngleic leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do líonraí d'eagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, gníomhaíochtaí oiliúna agus piarfhoghlama;

(e) forbairt beartais cultúir a chur chun cinn trí chomhar agus dea- chleachtais a mhalartú ar leibhéal an Aontais, agus feabhas a chur ar an mbonn fianaise trí bhailiú agus anailísiú sonraí agus gníomhaíochtaí píolótacha feabhsaithe;

(f) caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta an Aontais a chur chun cinn agus rannchuidiú le cuspóirí gníomhaíochta seachtraí an Aontais trí chomhar cultúrtha;

(g) tacú le cur chun feidhme Chinntí 445/2014/AE[35] agus Uimh. 1194/2011/AE[36] ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais.

Déanfar cur chun feidhme an chuspóra shonraigh 'Cultúr' a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do shaoirse ealaíonta agus d'éagsúlacht léirithe cultúir, agus beidh sé ina rannchuidiú le feabhas a chur ar dhálaí oibre le haghaidh ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha.

## Caibidil III

## An snáithe MEDIA+

*Airteagal 5*

***Closamharc***

Laistigh den snáithe MEDIA+, beidh an cuspóir sonrach 'Closamharc' dírithe ar an méid seo a leanas:

(a) tacú le saothair chlosamhairc Eorpacha a chruthú thar fhormáidí agus seánraí iomadúla, lena bhféadfaí freastal ar lucht féachana agus éisteachta éagsúil thar theorainneacha;

---

[35] Cinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa le haghaidh na mblianta 2020 go 2033 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1622/2006/CE (IO L 132, 3.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/445(1)/oj). .

[36] Cinneadh Uimh. 1194/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena mbunaítear gníomhaíocht Aontais Eorpaigh i leith an Lipéid Oidhreachta Eorpaí (IO L 303, 22.11.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/1194/oj). .

(b) scaipeadh, dáileadh, suntasacht agus infheictheacht trasteorann saothar closamhairc Eorpach a chothú ar na meáin uile ar fud an Aontais agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear trí straitéisí dáilte comhordaithe, agus uirlisí margaíochta agus fógraíochta;

(c) lucht féachana agus éisteachta a fhorbairt le haghaidh saothair chlosamhairc Eorpacha, lena n-áirítear trí líonra de phictiúrlanna, féilte agus feachtais for- rochtana Eorpacha, agus aghaidh a thabhairt go háirithe ar Eorpaigh óga agus ar phobail nach ndéantar freastal ceart orthu;

(d) tacú le físchluichí agus ábhar tumthach Eorpach a fhorbairt agus a fhréamhshamhaltú, lena n-áirítear trí thástáil margaidh, straitéisí cur chun cinn agus infhionntachta atá dírithe ar an lucht féachana agus éisteachta, agus dáileadh ar fud na n-ardán uile;

(e) forbairt tallainne a fheabhsú, tacú le rochtain ar mhaoiniú, malartuithe agus líonrú gnólacht le gnólacht, uirlisí nuálacha agus samhlacha gnó nuálacha agus straitéisí saothraithe maoine intleachtúla trasmheán a ghlacadh, go háirithe mar fhreagairt ar athruithe cruthaitheacha, margaidh agus teicneolaíocha;

(f) idirphlé beartais, malartú dea- chleachtas, bailiú agus anailísiú sonraí a chothú, lena n-áirítear táille ranníocaíochta a íoc le haghaidh bhallraíocht an Aontais san Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc;

(g) rannchuidiú le cur chun feidhme Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37].

Déanfar cur chun feidhme an chuspóra shonraigh ‘Closamharc’ a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do shaoirse ealaíonta agus comhar á áirithiú i measc eintitis ó na Ballstáit a bhfuil acmhainneachtaí closamhairc éagsúla acu.

*Airteagal 6*

***Nuacht***

Laistigh den snáithe MEDIA+, beidh an cuspóir sonrach a bhaineann le ‘Nuacht’ dírithe ar an méid seo a leanas:

(a) eagraíochtaí meán nuachta agus iriseoirí a chosaint, go háirithe i gcás ina mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar bhagairtí, faireachán, measúnú a dhéanamh, agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí do shaoirse agus iolrachas na meán sa mhargadh inmheánach agus caighdeáin iriseoireachta agus eagarthóireachta a chur chun cinn;

---

[37] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/13/oj).

(b) táirgeadh, dáileadh agus tomhaltas ábhair iriseoireachta ghairmiúil a fheabhsú, lena n-áirítear clúdach ghnóthaí an Aontais, iriseoireacht iniúchach, nuacht áitiúil, agus meáin leasa phoiblí;

(c) tacú le claochlú digiteach eagraíochtaí nuachta, cleachtais nuálacha, samhlacha nua léiriúcháin, dáilte agus gnó, rochtain ar mhaoiniú a éascú agus gníomhaíochtaí trasteorann agus athsciliú agus uas- sciliú gairmithe meán nuachta a spreagadh;

(d) comhar a fheabhsú agus bearta a chur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu faireachán a dhéanamh ar an spás faisnéise ar líne agus é a chosaint, lena n-áirítear bréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a bhrath agus a chomhrac, agus, dá réir sin, rannchuidiú le hathléimneacht níos fearr ar fud an Aontais;

(e) gníomhaíochtaí digiteacha agus litearthachta sna meáin a chur chun cinn chun é a chur ar a gcumas do shaoránaigh, lena n-áirítear daoine óga, tuiscint chriticiúil ar an éiceachóras faisnéise a úsáid agus a fhorbairt;

(f) idirphlé beartais, bailiú agus anailísiú sonraí agus forbairt comhchaighdeán a threisiú, lena n-áirítear trí thacú le hobair an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Meán.

Déanfar an cuspóir sonrach 'Nuacht' a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do neamhspleáchas eagarthóireachta na meán agus do chaighdeáin ghairmiúla.

## Caibidil IV

## An Snáithe CERV+

*Airteagal 7*

***Cearta, comhionannas, saoránaigh agus an tsochaí shibhialta***

Laistigh den snáithe CERV+, beidh an cuspóir sonrach a bhaineann le 'Cearta, Comhionannas, Saoránaigh agus an tSochaí Shibhialta' dírithe ar an méid seo a leanas:

(a) comhionannas a chur chun cinn, agus idirdhealú ar fhorais a bhaineann le gnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, agus gach cineál ciníochais agus éadulaingthe a chosc agus a chomhrac;

(b) comhionannas inscne, príomhshruthú inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn, agus teachtadh iomlán as cearta na mban a chosaint agus a chur chun cinn;

(c) inrochtaineacht a chur chun cinn agus cearta daoine faoi mhíchumas a chosaint agus a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a bheith á chur chun feidhme ag an Aontas;

(d) cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn;

(e) saoirse chun tuairimí a nochtadh, an ceart chun príobháideachais, cosaint sonraí pearsanta chomh maith le cearta sa spás digiteach a chosaint agus a chur chun cinn;

(f) spás sibhialta bríomhar a chothú trí acmhainneacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cosantóirí chearta an duine, agus gníomhaithe ábhartha eile a fhothú agus trí thacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh, ar ghrúpaí iad atá gníomhach ar gach leibhéal maidir le feasacht na saoránach ar na cearta a chumhdaítear sa Chonradh a chosaint, a chur chun cinn agus a ardú, athléimneacht dhaonlathach an Aontais, neamh- idirdhealú agus comhionannas agus luachanna an Aontais ar bhonn níos leithne a chur chun cinn, amhail urraim do chearta bunúsacha, an smacht reachta, an daonlathas agus maidir le hurraim don Chairt a chosaint agus a chur chun cinn.

*Airteagal 8*

***Daphne***

Laistigh den snáithe CERV+, beidh an cuspóir sonrach a bhaineann le 'Daphne' dírithe ar an méid seo a leanas:

(a) na cineálacha uile foréigin inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus cailíní, foréigin teaghlaigh, agus foréigin in aghaidh leanaí, daoine óga agus daoine scothaosta, daoine LADTIA, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí eile atá i mbaol a chosc, freagairt don fhoréigean sin agus é a chomhrac ar gach leibhéal;

(b) cosaint agus tacaíocht a thabhairt do gach íospartach díreach agus indíreach agus do mharthanóirí foréigin dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) tacú le cuspóirí Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac san Aontas.

*Airteagal 9*

***Rannpháirtíocht dhaonlathach agus an smacht reachta***

Laistigh den snáithe CERV+, beidh an cuspóir sonrach a bhaineann le 'Rannpháirtíocht dhaonlathach agus an smacht reachta' dírithe ar an méid seo a leanas:

(a) cearta saoránachta an Aontais chomh maith le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na saoránach i saol daonlathach agus sibhialta an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn, agus tacú le sochaithe bunaithe ar an smacht reachta atá oscailte, athléimneach, bunaithe ar chearta agus comhionann;

(b) tacú le próisis thoghchánacha agus dhaonlathacha atá saor, cothrom, athléimneach, inrochtana agus ionchuimsitheach;

(c) feasacht shibhialta agus tuiscint níos fearr ar an Aontas, ar a stair, a chuimhne agus a éagsúlacht choiteann a chur chun cinn chun comhthuiscint agus caoinfhulaingt a chothú.

# Caibidil V

# Tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha

*Airteagal 10*

Laistigh de na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3, beidh an Clár ina thaca leis na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha seo a leanas:

(a) comhar agus nuálaíocht trasearnála ar fud na réimsí cultúrtha, meán agus sibhialta, agus sláine an dioscúrsa phoiblí a chosaint, agus dá réir sin athléimneacht dhaonlathach, ullmhacht shochaíoch agus rannpháirtíocht chultúrtha agus saoránach a neartú;

(b) úsáid fhreagrach a bhaint as uirlisí nuálacha agus as teicneolaíochtaí ábhair, go háirithe an Intleacht Shaorga, chomh maith le forbairt scileanna agus fothú acmhainneachta trí chuir chuige thrasearnála;

(c) gníomhaíochtaí chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais i réimsí an chultúir, na meán agus na saoránach a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, trí chomhar i measc údaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara.

(d) i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht], cur chun cinn an Chláir, agus a dheiseanna cistiúcháin, lena n-áirítear trí Dheasca Cláir, agus dá réir sin for- rochtain, infheictheacht agus scaipeadh thorthaí an Chláir a fheabhsú;

Cinnfear maoiniú tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha de réir a gcineáil agus a raoin feidhme.

# Caibidil VI

# Forálacha airgeadais

*Airteagal 11*

***Buiséad***

1. Tá an t-imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh chur chun feidhme an Chláir le haghaidh na tréimhse 2028- 2034 socraithe ag EUR 8 582 000 000 i bpraghsanna reatha.

2. Gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad, féadfar iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

3. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2034 chun na costais is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú.

4. An t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 12, féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail

gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, chomh maith le gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó gach costas eile a bhaineann leis an bhfoireann arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Clár a bhainistiú.

*Airteagal 12*

***Acmhainní breise***

1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a dhéanamh leis an gClár. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

2. Acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar iad a chur ar fáil don Chlár, ach na Ballstáit é sin a iarraidh. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Is acmhainní breise a bheidh iontu, le cois an mhéid dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán seo. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht indíreach maidir le méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár ar an dóigh sin, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach faoi leith amháin nó níos mó nó chuig a gcomharbaí, ach an Ballstát lena mbaineann é sin a iarraidh.

*Airteagal 13*

***Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i bpáirt le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár seo freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Má sholáthraítear ranníocaíochtaí uile an Aontais bunaithe ar chostas incháilithe, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid lena leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Féadfar nósanna imeachta dámhachtana faoin gClár a sheoladh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile ('comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach'), ar choinníoll go n-áiritheofar cosaint

leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I nósanna imeachta dámhachtana comhpháirteacha, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 freisin.

*Airteagal 14*

***Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár***

1. Féadfar rannpháirtithe sa Chlár a dhéanamh de na tríú tíortha seo a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 agus i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha nó le haon chinneadh arna ghlacadh faoi chuimsiú na gcomhaontuithe sin agus is infheidhme maidir le:

   (a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, chomh maith le micreastáit Eorpacha;

   (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha;

   (c) tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa;

   (d) tríú tíortha eile.

2. Leis na Comhaontuithe Comhlachais maidir le rannpháirtíocht sna Cláir:

   (a) áiritheofar cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sna Cláir;

   (b) leagfar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gClár an Aontais, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le clár agus lena chostais riaracháin ghinearálta, ranníocaíochtaí arb éard atá iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta;

   (c) ní thabharfar aon chumhacht chinnteoireachta sa Chlár don tríú tír;

   (d) ráthófar cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint;

   (e) i gcás inarb ábhartha, áiritheofar cosaint leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais.

Chun críocha phointe (d), deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain lena bhfuil gá, a cheanglaítear faoi Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmiúcháin lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar bhonn Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, infhorfheidhmithe.

3. Sna comhaontuithe comhlachais lena ndeonaítear rannpháirtíocht sa chuspóir sonrach ‘Closamharc’ dá dtagraítear in Airteagal 3, cuirfear san áireamh staid an

mhargaidh closamhairc sa tír lena mbaineann, lena n-áirítear gaireacht a creata dhlíthiúil le *acquis* an Aontais maidir leis na meáin chlosamhairc agus an rochtain ar a scéimeanna tacaíochta coibhéiseacha, go háirithe maidir le tíortha Eorpacha eile. Ceanglófar leis na comhaontuithe a thabharfar i gcrích leis na tíortha dá dtagraítear i mír 1(b) go ndéanfar a ndlí náisiúnta a ailíniú le Treoir 2010/13/AE chun rannpháirtíocht a dheonú sa chuspóir sonrach 'Closamharc'.

*Airteagal 15*

***Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c) den Rialachán sin.

1. Féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar agus tabhartais neamhairgeadais.

2. I gcás ina soláthraítear tacaíocht ón Aontas i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach nó ionstraim airgeadais, lena n-áirítear i gcás ina gcomhcheanglaítear í le tacaíocht neamh- inaisíoctha in oibríocht mheasctha, soláthrófar í go heisiach trí Ionstraim InvestEU CEI agus cuirfear chun feidhme í i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme d'Ionstraim InvestEU CEI trí chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le haghaidh an chineáil sin tacaíochta faoi Ionstraim InvestEU CEI.

3. Soláthrófar tacaíocht ón Aontas i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach laistigh d'uasmhéid na ráthaíochta buiséadaí arna bunú le Rialachán CEI.

4. I gcás ina mbaineann an Clár úsáid as Ionstraim InvestEU CEI, soláthróidh sé an soláthar don ráthaíocht bhuiséadach agus don mhaoiniú d'ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht neamh-inaisíoctha i bhfoirm oibríocht mheasctha.

5. I gcás ina soláthrófar cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar cistiú mar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais nó, i gcás inar gá, le roghanna costas simplithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní fhéadfar cistiú a sholáthar i bhfoirm aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile.

6. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.

7. Eintitis a dhéanann iarratas ar chistiú faoin snáithe den Chlár a bhaineann le hEoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr agus a bhfuil os cionn 50 % dá n-ioncam bliantúil faighte acu ó fhoinsí poiblí le 2 bhliain anuas, measfar go bhfuil an acmhainneacht airgeadais, ghairmiúil agus riaracháin lena bhfuil gá acu chun gníomhaíochtaí faoin gClár a dhéanamh. Ní cheanglófar orthu tuilleadh doiciméadachta a chur i láthair chun an acmhainneacht sin a léiriú.

*Airteagal 16*

***Incháilitheacht***

1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh feidhm acu maidir le gach nós imeachta dámhachtana faoin gClár.

2. I nósanna imeachta dámhachtana faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith incháilithe chun tacaíocht ón Aontas a sholáthar nó a fháil:

   (a) eintitis atá bunaithe i mBallstát;

   (b) eintitis atá bunaithe i dtríú tír chomhlachaithe;

   (c) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

   (d) eintitis eile atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe i gcás ina bhfuil cistiú na n-eintiteas sin fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme agus ina rannchuidíonn sé leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3.

3. Anuas ar Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh tríú tíortha comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 14(1) den Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha, páirt a ghlacadh in aon cheann de na sásraí soláthair a leagtar amach in Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus tairbhiú d'aon cheann díobh. Cuirfear na rialacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir le tríú tíortha comhlachaithe rannpháirteacha.

4. Nósanna imeachta dámhachtana a dhéanann difear don tslándáil nó don ord poiblí, go háirithe nósanna imeachta dámhachtana a bhaineann le sócmhainní agus leasanna straitéiseacha an Aontais nó a Bhallstát, déanfar iad a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

5. Sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú a thuilleadh nó critéir incháilitheachta bhreise a leagan síos le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha.

6. Féadfar deontas oibriúcháin a dhámhachtain gan glao ar thograí ar Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta (Equinet), chun caiteachas a bhaineann le clár oibre buan Equinet a chumhdach.

*Airteagal 17*

***Clár oibre***

Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme. Leagfar amach sna cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, na gníomhaíochtaí agus na méideanna gaolmhara tacaíochta ón Aontas a bheidh le cur chun feidhme trí ionstraim InvestEU CEI.

## Caibidil VII

## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 18*

***Aisghairm***

Aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

*Airteagal 19*

***Forálacha idirthréimhseacha***

1. Leis an Rialachán seo ní dhéanfar difear do leanúnachas nó modhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818, a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Ina theannta sin, le himchlúdach airgeadais an Chláir féadfar na costais cúnaimh theicniúil agus riaracháin is gá a chumhdach freisin chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta a glacadh faoi Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/81 a áirithiú.

*Airteagal 20*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

## RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ... 3

1.3. Cuspóirí ... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ... 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ... 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh ... 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ... 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ... 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ... 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ... 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ... 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ... 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ... 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ... 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe ... 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ... 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ... 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta) ... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ... 9

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ........ 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ........ 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ........ 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ........ 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ........ 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin ........ 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ........ 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ........ 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ........ 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ........ 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ........ 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ........ 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ........ 26
3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ........ 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ........ 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ........ 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ........ 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA ........ 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha ........ 30
4.2. Sonraí ........ 30
4.3. Réitigh dhigiteacha ........ 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta ........ 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ........ 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár 'AgoraEU' agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 2021/692 agus Uimh. 2021/818 le haghaidh na tréimhse 2028- 2034

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An cultúr, closamharc agus na meáin, cearta bunúsacha, an comhionannas agus neamh- idirdhealú, an smacht reachta, an tsochaí shibhialta, rannpháirtíocht dhaonlathach.

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Is iad cuspóirí ginearálta an Chláir an éagsúlacht chultúrtha agus teanga agus an oidhreacht a chur chun cinn, iomaíochas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a mhéadú, go háirithe tionscail na meán agus an chlosamhairc, saoirse ealaíonta agus na meán a chosaint, agus comhionannas, saoránacht ghníomhach, cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt, agus, dá réir sin, rannpháirtíocht dhaonlathach agus athléimneacht shochaíoch laistigh den Aontas a fheabhsú.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Beidh an Clár mar bhonn taca faoi na cuspóirí sonracha seo a leanas:

a) rannchuideofar le cruthú, comhar, rannpháirtíocht agus inrochtaineacht chultúrtha trasteorann, agus scaipeadh trasteorann saothar cultúrtha éagsúil, agus gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus idirnáisiúnta earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ('cultúr') á neartú an tráth céanna;

b) rannchuidiú le héagsúlacht chultúrtha agus iomaíochas thionscail an chlosamhairc agus na bhfíschluichí, go háirithe trí fheabhas a chur ar chruthú agus dáileadh trasteorann ábhair Eorpaigh agus ar an rochtain atá ag saoránaigh air ('closamharc');

c) rannchuidiú le héiceachóras faisnéise Aontais atá saor, inmharthana agus éagsúil, go háirithe trí thacú le hiriseoireacht agus leis na meáin nuachta atá saor agus neamhspleách, agus rochtain na saoránach ar fhaisnéis iontaofa á feabhsú agus dul i ngleic leis an mbréagaisnéis ('nuacht');

d) rannchuidiú le cearta bunúsacha, comhionannas agus neamh- idirdhealú agus cearta shaoránaigh an Aontais a chumhdaítear sna Conarthaí a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear saorghluaiseacht saoránach, agus an tsochaí shibhialta a chumhachtú ('cearta, comhionannas, saoránaigh agus an tsochaí shibhialta').

e) rannchuidiú leis an gcomhrac in aghaidh foréigean inscnebhunaithe, foréigean in aghaidh leanaí agus grúpaí eile atá i mbaol foréigean den sórt sin ('Daphne').

f) rannchuidiú le rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú agus leis an smacht reachta a chaomhnú ('rannpháirtíocht dhaonlathach agus an smacht reachta').

Chun tionchar a uasmhéadú agus sineirgí a fheabhsú, beidh an Clár ina thaca le gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha a rannchuidíonn leis na cuspóirí

ginearálta, go háirithe trí shineirgí a fhorbairt idir na réimsí cultúrtha, meán agus sibhialta agus trí chomhar agus nuálaíocht trasearnála a chur chun cinn.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Beidh tionchar dearfach ag an gClár ar chomhar cultúrtha trasteorann, ar rannpháirtíocht agus inrochtaineacht chultúrtha, agus ar scaipeadh saothar cultúrtha éagsúil. Is amhlaidh a bheidh a bhuí le comhar, cruthú, líonrú agus comhthiomsú taithí a chur chun cinn in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, tacaíocht a thabhairt do scaipeadh ábhair chultúrtha éagsúil agus rochtain ar éagsúlacht agus oidhreacht chultúrtha, agus tacaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta thar theorainneacha náisiúnta. Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí, i measc nithe eile, beidh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta níos ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin, beidh acmhainneacht chruthaitheach threisithe earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i leith saoirse ealaíonta ann, ábhar cultúrtha níos éagsúla á scaipeadh thar theorainneacha náisiúnta, a ngairmeacha á leathnú ag níos mó ealaíontóirí agus gairmithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, rochtain mhéadaithe agus níos ionchuimsithí ar ábhar agus oidhreacht chultúrtha níos éagsúla, comhpháirtíochtaí agus malartuithe cultúrtha idirnáisiúnta méadaithe ann agus digitiú, rochtain, caomhnú agus athúsáid mhéadaithe ar an oidhreacht dhigiteach.

Beidh tionchar dearfach ag an gClár ar thacú le cruthú, scaipeadh agus rochtain ábhar closamhairc agus meán an Aontais, agus margadh faisnéise éagsúil. Beidh tacaíocht le haghaidh saothair chlosamhairc ina rannchuidiú le héagsúlacht chultúrtha agus iomaíochas Eorpach a neartú, trí chomhléiriúcháin, mar shampla. Tríd sin cuirfear feabhas ar chruthú, scaipeadh agus rochtain ar ábhar físchluichí, agus cothófar saothrú trasmheán maoine intleachtúla chomh maith leis sin. Déanfar sláine mhargadh faisnéise an Aontais a chosaint trí thacaíocht a thabhairt d’iolrachas agus neamhspleáchas na meán, d’inmharthanacht na meán agus do litearthacht sna meáin, agus trí fheasacht staide a neartú.

Beidh tionchar dearfach ag an gClár ar chearta bunúsacha agus neamh- idirdhealú a chosaint agus a chur chun cinn, agus ar spás sibhialta rathúil chomh maith leis sin. Beidh sé d’éifeacht ag gníomhaíochtaí méadú ar infheictheacht ceart bunúsach agus ar fheasacht orthu, agus idirdhealú agus ciapadh a laghdú. Beidh sé d’éifeacht ag gníomhaíochtaí freisin daoine aonair, agus go háirithe mná, leanaí agus grúpaí atá i mbaol foréigin, a chosaint agus tacú le híospartaigh aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a bhaineann leis sin. Beidh saoránaigh agus eagraíochtaí in ann páirt fhóinteach a ghlacadh i saol polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a sochaithe. Beidh saoránaigh in ann a dtuairimí a chur in iúl gan bhac, a gceannairí polaitiúla a roghnú, agus a dtuairimí a nochtadh faoina dtodhchaí.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Comhfhreagróidh na táscairí aschuir agus toraidh chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach ag an gclár seo do na comhtháscairí dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht].

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

¨gníomhaíocht nua

¨ gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal / gníomhaíocht ullmhúcháin[38]

☒ síneadh ar gníomhaíocht atá ann cheana

¨gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí a chumasc nó a atreorú i dtreo gníomhaíocht eile/gníomhaíocht nua

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

| |
|---|
| Beidh an Clár ina rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin shonracha agus choiteanna agus le sineirgí a chothú i réimsí an chultúir, na meán agus na sochaí sibhialta agus cineál agus dúshláin shonracha na réimsí beartais éagsúla, a spriocghrúpaí éagsúla agus a riachtanais ar leith, á gcur san áireamh. Trí thacaíocht a thabhairt le chéile sna réimsí sin, is fearr a bheidh an tAontas in ann aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais athfhillteacha ach ar thosaíochtaí beartais nua atá ag teacht chun cinn freisin, amhail daonlathais, cearta agus comhionannas a chosaint, spás cumasúcháin a chothú le haghaidh na sochaí sibhialta, rannchuidiú le héagsúlacht chultúrtha agus teanga agus le cosaint na hoidhreachta cultúrtha, earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú agus a n-athléimneacht a mhéadú, saoirse agus iolrachas na meán a chur chun cinn, agus fás eacnamaíoch na meán agus gníomhaithe cultúrtha a fheabhsú. |

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

| |
|---|
| <u>Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)</u><br><br>Tá cistiú a chumhdaítear leis an gclár dírithe ar ghníomhaíochtaí inar féidir luach breise a thabhairt trí idirghabháil an Aontais i gcomparáid le gníomhaíocht na mBallstát amháin.<br><br>Go sonrach:<br><br>- Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thrasnáisiúnta agus choiteanna (e.g. spásanna sibhialta atá ag laghdú, bagairtí ar shaoirse agus iolrachas na meán, ilroinnt earnálacha an chultúir, na cruthaitheachta agus na meán feadh teorainneacha náisiúnta agus teanga): fágann na dúshláin sin gur doiligh do na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach astu féin. Le hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais cumasaítear comhar, fothú acmhainneachta, foghlaim fhrithpháirteach agus comhthiomsú acmhainní, comhroinnt saineolais agus dea- chleachtas.<br><br>- Ní leor cistiú agus beartais ar an leibhéal náisiúnta astu féin chun luachanna agus caighdeáin dhaonlathacha an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn, agus chun an |

38 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

spás sibhialta a chosaint. Tá feidhm aige sin freisin maidir le hiomaíochas agus éagsúlacht fhoriomlán na meán, an chlosamhairc agus earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha eile.

- Tá tacaíocht ón Aontas fíor- riachtanach chun rochtain ar ábhar closamhairc agus cultúrtha a choinneáil ar bun ar fud na mBallstát uile agus chun ardleibhéal cosanta do chearta bunúsacha a áirithiú.

- Le tacaíocht ón Aontas líontar bearnaí cistiúcháin agus seirbhíse nach gcumhdaítear ar leibhéal na mBallstát.

- Tá gníomhaíocht an Aontais criticiúil chun luachanna an Aontais a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus caighdeáin idirnáisiúnta á gcur chun feidhme go comhleanúnach le beartais inmheánacha.

<u>Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)</u>

- Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais cumasófar comhar trasnáisiúnta, comhthiomsú acmhainní, agus malartú dea- chleachtas ó Bhallstát go chéile, as a dtiocfaidh freagairtí atá níos comhleanúnaí agus ag a bhfuil níos mó tionchair ar dhúshláin chomhroinnte.

- Beidh tacaíocht ón Aontas ina comhlánú ar bhearta náisiúnta trí thacú le réimsí tearcmhaoinithe nó nach dtugtar tosaíocht dóibh ar bhonn náisiúnta.

- Le gníomhaíocht an Aontais feabhsófar soghluaisteacht gairmithe agus scaipeadh, rud a threiseoidh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus éagsúlacht chultúrtha agus teanga.

- Le gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais, músclófar feasacht ar chearta agus cothófar braistint shaoránacht an Aontais agus comhthuisceana, trí fheasacht agus tuiscint níos fearr ar éagsúlacht chultúrtha, trí luachanna an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn, trí thacú le hathléimneacht dhaonlathach agus shochaíoch, agus trí spás faisnéise iontaofa, cuspóirí nach féidir a bhaint amach go hiomlán trí idirghabhálacha náisiúnta.

- Le tacaíocht ón Aontas cothófar rochtain thrasteorann ar ábhar meán, closamhairc agus cultúrtha agus cruthaitheach eile le haghaidh shaoránaigh na hEorpa.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Léirítear i dtorthaí na meastóireachtaí meántéarma le haghaidh na tréimhse 2021- 2027 gurb amhlaidh leis na cláir atá ann cheana a baineadh amach a gcuspóirí beartais den chuid is mó agus a soláthraíodh breisluach AE, agus réimsí feabhsaithe á gcur i dtábhacht an tráth céanna ó thaobh dearaidh. Mar shampla, deimhníodh sa mheastóireacht eatramhach ar an gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) go bhfuil spás atá folamh den chuid is mó á shealbhú leis an gclár i dtírdhreach cistiúcháin na luachanna agus na gceart bunúsach. Bhí Eoraip na Cruthaitheachta ina rannchuidiú le tacaíocht a thabhairt don éagsúlacht chultúrtha agus teanga trí rochtain daoine ar ábhar Eorpach éagsúil a mhéadú agus trí chuidiú le hoibreoirí closamhairc agus cruthaitheacha agus cultúrtha eile méadú ar an leibhéal Eorpach agus a bheith níos iomaíche. Deimhníodh sa mheastóireacht ar Ghníomhaíochtaí Ilmheán mar an gcéanna an breisluach a bhaineann le tacú le clúdach nuachta neamhspleáiche ar ghnóthaí an Aontais.

Léirítear sna meastóireachtaí freisin réimsí feabhsúcháin ó thaobh dearaidh. Orthu sin áirítear cumhacht na gclár a leathnú, rochtain a éascú, bainistíocht a shimpliú,

faireachán a fheabhsú, sineirgí a neartú agus forluití le cláir eile a sheachaint, agus solúbthacht a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an tionscnamh mar chuid den togra maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028- 2034.

Tá an tionscnamh ailínithe le tosaíochtaí beartais uileghabhálacha an Choimisiúin le haghaidh na tréimhse 2024- 2029, is é sin ó thaobh 1) Tacú le daoine agus an tsochaí agus ár múnla sóisialta a neartú; 2) Ár ndaonlathas a chosaint agus ár luachanna a chaomhnú; 3) Rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa; agus 4) Eoraip dhomhanda.

1) Sineirgí le beartais lena dtacaítear le daoine, lena neartaítear ár sochaithe agus ár múnla sóisialta

Cothófar sineirgí idir tionscnaimh na meán, an chultúir, luachanna agus ceart agus an idirghabháil a dhéanfar amach anseo i réimsí an oideachais, na dlúthpháirtíochta agus na hóige. Déanfar na sineirgí sin, amhail litearthacht sna meáin, scileanna digiteacha, rannpháirtíocht saoránach agus oideachas saoránach, oideachas na n-ealaíon agus an chultúir, agus forbairt agus cuimsiú scileanna, a chur chun cinn i gcomhréir le cuspóirí Straitéis Óige na hEorpa agus na Tuarascála ar Shaoránacht an Aontais chomh maith le tionscnaimh bheartais eile atá ar na bacáin. Tá an tionscnamh ina chomhlánú ar thionscnaimh áirithe faoi bheartais fostaíochta agus shóisialta. Trí rochtain chomhionann ar chearta a chur chun cinn agus tríd an éagsúlacht a chothú, tacófar leis an gcuimsiú sóisialta agus le margaí saothair cothroma. Beidh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus tionscail na meán ina rannchuidiú gníomhaíoch le huas- sciliú agus athsciliú gairmithe, i gcomhthéacs Aontas na Scileanna, agus ar an gcaoi chéanna, is dócha go mbeidh an méid sin fabhrach do phoist a chruthú sna hearnálacha sin. Beidh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta dírithe freisin ar fheabhas a chur ar dhálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha.

2) Sineirgí le beartais cheartais

Leis an ailíniú idir beartais cheartais agus an smacht reachta, cruthaítear creat láidir lena n-áirithítear cuntasacht, lena gcuirtear comhleanúnachas dlíthiúil chun cinn ó Bhallstát go chéile, agus lena gcosnaítear cearta bunúsacha, agus, dá réir sin, lena bhfeabhsaítear iontaoibh agus comhar laistigh den Aontas. Tá an caidreamh idir cearta bunúsacha agus beartais cheartais ríthábhachtach chun sochaithe cothroma agus cothromasacha a mhúnlú. Le cearta bunúsacha – idir an ceart chun triail chóir a fháil, saoirse ó idirdhealú agus cosaint príobháideachais – sainítear na caighdeáin fhíor- riachtanacha nach mór do chórais cheartais seasamh leo, agus déantar bearta agus cleachtais dlí choincréiteacha de phrionsabail theibí. Mar shampla, le dlíthe frith- idirdhealaithe forfheidhmítear prionsabal an chomhionannais faoin dlí. Dá réir sin, leis an tsineirge idir cearta bunúsacha agus beartais cheartais, áirithítear go gcoisctear mí- úsáidí le córais dlí, ach ní hamháin sin, go gcuirtear dínit, comhionannas agus saoirse chun cinn go gníomhach leo freisin. Tá an tsineirge sin fíor- riachtanach chun iontaoibh an phobail in institiúidí dlíthiúla a thógáil, comhtháthú sóisialta a chothú, agus, ar deireadh, a áirithiú go mbeidh an ceartas

inrochtana agus fiúntach le haghaidh gach duine aonair. Chuige sin, cothófar sineirgí idir an clár sin agus an Clár um Cheartas a bheidh ann amach anseo.

3) Sineirgí le beartais le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus an iomaíochais

Beidh an tionscnamh ina chomhlánú le creat beartais an Aontais maidir leis an Margadh Aonair agus le hiomaíochas eacnamaíoch. Go sonrach, leis sin cuirtear le Tuarascáil 2024 maidir leis an Margadh Aonair agus leis an Iomaíochas, lena nglactar cur chuige bunaithe ar éiceachórais chun athléimneacht agus uathriail straitéiseach na bpríomhearnálacha tionsclaíocha a neartú, lena n-áirítear earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Léirítear leis freisin cuspóirí an Chompáis Iomaíochais, ina leagtar amach tagarmharcanna soiléire chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht fhadtéarmach an Aontais agus an nuálaíocht a chur chun cinn.

Leis an tionscnamh neartófar sineirgí leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas amach anseo agus leis an gclár taighde agus nuálaíochta a bheidh ann amach anseo. Áirítear leis sin tacaíocht le haghaidh taighde ildisciplíneach i réimse ábhar lena n-áirítear an daonlathas, luachanna, an comhionannas agus an bhréagaisnéis, ach freisin maidir le hábhair dhigiteacha agus thionsclaíocha a bhfuil dlúthbhaint acu le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (e.g. an réaltacht leathnaithe, timpeallachtaí tumthacha, na meáin nua). Thairis sin, tá an togra ina rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar chlaochlú digiteach na hEorpa, i gcomhréir le cuspóirí na Deacáide Digití 2030.

4) Sineirgí le beartais le haghaidh Eoraip dhomhanda

Beidh an clár a bheidh ann amach anseo ina chomhlánú ar ghníomhaíochtaí a mhaoinítear trí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Mar shampla, trí mhalartuithe cultúrtha a chur chun cinn agus trí thacú le hábhar meán agus closamhairc an Aontais ar fud an domhain, lena n-áirítear trí chomhar idirnáisiúnta, osclófar margaí nua leis, meallfar tallann dhomhanda, feabhsófar tionchar agus tarraingteacht an Aontais ar an leibhéal domhanda.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

-

1.6. **Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☒ **fad teoranta**

– ☒ i bhfeidhm ón 01/01/2028 go dtí an 31/12/2034

– ☒ tionchar airgeadais ó 2028 go 2034 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2028 go 203x maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

**fad neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☒ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

¨ **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ¨ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☒ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (e.g. UNESCO, ECFE, Comhairle na hEorpa...)

– ☒ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ¨ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☒ comhlachtaí dlí phoiblí (e.g. comhlachtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu)

– ☒ comhlachtaí a rialaítear leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☒ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais (comhlachtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu)

– ¨ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ¨ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit nó le dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach

agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

| |
|---|
| Cuirfear an clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach (le codanna tarmligthe chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr) agus faoi bhainistíocht indíreach, chomh maith leis sin, trí eagraíochtaí idirnáisiúnta (e.g. UNESCO, ECFE, Comhairle na hEorpa,...) agus trí chomhlachtaí eile ar a ndearnadh measúnú colúin, ar cruthaíodh go raibh rath leis sin i gCreataí Airgeadais Ilbhliantúla (CAInna) roimhe sin. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

(41) Leis na rialacha faireacháin agus tuairiscithe le haghaidh an chláir sin leanfar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht].

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Déanfar formhór ghníomhaíochtaí an Chláir a chur chun feidhme faoi mhodh bainistíochta dírí, agus déanfar iad a tharmligean go páirteach chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Tá sé cruthaithe go raibh an modh cur chun feidhme atá ann faoi láthair éifeachtach sna cláir réamhtheachtacha, agus faoi láthair tá na rátaí earráide níos lú ná 2 % le haghaidh an chláir Eoraip na Cruthaitheachta, bunaithe ar réamhthorthaí don CAI atá ann faoi láthair. Cuirfear cistiú chun feidhme trí úsáid a bhaint as na modhanna cur chun feidhme a thairgtear leis an Rialachán Airgeadais, deontais agus soláthar den chuid is mó, toisc gur fearr is féidir tríd sin na gníomhaíochtaí a oiriúnú do riachtanais an bheartais agus níos mó solúbthachta a bheith ann chun tosaíochtaí a athchoigeartú, go háirithe trí dheontais. Is i bhfoirm costas iarbhír, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe, costas aonaid nó teaglama díobh sin a bheidh deontais. Trí úsáid a bhaint as scálaí de chostais aonaid agus bearta simplithe eile, laghdófar an scóip le haghaidh earráide in éilimh ar chostais. Déanfar bearta éagsúla chun rochtain níos fearr a cheadú d'eagraíochtaí beaga, mar shampla, simpliú treoirlínte agus nósanna imeachta ar bhonn an Rialacháin Airgeadais, a chur i bhfeidhm (féach thuas).

Le bainistíocht dhíreach ón gCoimisiún, beifear in ann teagmhálacha díreacha a bhunú freisin leis na tairbhithe nó na conraitheoirí a ghabhann do chur chun feidhme gníomhaíochtaí lena bhfreastalaítear ar bheartais an Aontais.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá na rioscaí céanna ag baint leis an gClár atá ag cláir eile de chuid an Choimisiúin atá dírithe ar thairbhithe atá éagsúil ó thaobh cineáil de. Go sonrach, níl roinnt tairbhithe athfhillteach nó níl struchtúir riaracháin fhairsinge acu. Baineann rioscaí go príomha le (1) cáilíocht tionscadal roghnaithe agus a gcur chun feidhme teicniúil ina dhiaidh sin a áirithiú; (2) an riosca go mbainfear úsáid neamhéifeachtúil nó neamheacnamaíoch as cistí a dámhadh, le haghaidh deontas agus soláthair araon; (3) calaois.

Tá coinne leis go laghdófar formhór na rioscaí sin a bhuí leis an méid seo a leanas: (1) dearadh cúramach glaonna ar thograí; (2) treoraíocht d'iarratasóirí agus tairbhithe; (3) úsáid a bhaint as roghanna costas simplithe de chostais aonaid, rátaí comhréidhe agus cnapshuimeanna, a cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach sa CAI atá ann faoi láthair agus a sholáthraítear sa Rialachán Airgeadais; (4) nósanna imeachta agus córais chorparáideacha a úsáid chun tograí agus deontais a bhainistiú (e.g. deontais vademecum, ríomhdheontais etc.) chun ailíniú iomlán leis an dea- chleachtas a áirithiú i ngach céim de shaolréanna an deontais agus an tsoláthair.

Tá an straitéis rialaithe comhdhéanta de bhloic thógála éagsúla: (1) tograí a chlárú, a mheas agus a roghnú chun a áirithiú nach ndéanfar ach na tograí is fearr a chistiú; (2) comhaontuithe deontais a shíniú agus faireachán a dhéanamh orthu, faoi réir fíorú *ex ante* ar an leibhéal airgeadais agus beartais araon; (3) iniúchtaí *ex post* bunaithe ar 'straitéis braite' arb é is aidhm di uasmhéid aimhrialtachtaí a shainaithint d'fhonn íocaíochtaí neamhdhlite a ghnóthú.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Oideachas agus Cultúr (EACEA) a úsáideann na nósanna imeachta corparáideacha céanna a chuirtear i bhfeidhm ar fud an Choimisiúin de chodanna den Chlár a chur chun feidhme.

Cuireann EACEA plean iniúchóireachta *ex post* bliantúil i bhfeidhm lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí uile, agus lena ndeimhnítear ráta earráide faoi bhun 2 % le haghaidh an CAI atá ann faoi láthair.

Faoi láthair, déanann Coiste Stiúrtha EACEA maoirseacht air le AS EAC agus AS CNECT mar na máthair- Ard- Stiúrthóireachtaí maidir leis an gclár Eoraip na Cruthaitheachta chomh maith le AS JUST mar mháthair- Ard- Stiúrthóireacht le haghaidh an chláir CERV. Áirithítear tuairisciú tráthrialta trí dheaiseanna chomh maith le cruinnithe comhordúcháin tráthrialta leis na máthair- Ard- Stiúrthóireachtaí.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta)*

Tá costas rialuithe an chláir cothrom le thart ar 6 % de na híocaíochtaí a dhéanann an Coimisiún. Tá coinne leis go bhfanfaidh sé sin cobhsaí nó go dtiocfaidh laghdú beag air má dhéantar úsáid roghanna costas simplithe a leathnú a thuilleadh. Is é is cuspóir don chóras bainistithe agus rialaithe na leibhéil riosca earráide a bhfuil coinne leo (tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta) a choinneáil faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 %.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Leanfaidh na seirbhísí freagracha dá Straitéis Frithchalaoise a chur i bhfeidhm – atá i gcomhréir le Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) – chun a áirithiú *inter alia* go bhfuil a rialuithe frithchalaoise inmheánacha ailínithe go hiomlán le CAFS agus go bhfuil a chur chuige maidir le bainistiú riosca calaoise dírithe ar chásanna riosca calaoise agus freagairtí leordhóthanacha a shainaithint.

Le straitéisí frithchalaoise EACEA agus an Choimisiúin araon, cumasaítear aghaidh a thabhairt ar riosca calaoise, trí bhearta chun neamhrialtacht a chosc go príomha, ar bearta iad a dhéantar a ghéarú ina dhiaidh sin i gcás ina mbraitear calaois. Leanfar de na bearta seo a leanas a chur chun feidhme, ag na máthair- Ard- Stiúrthóireachtaí araon mar atá EACEA: Faireachán deisce, misin faireacháin i gcomhréir le straitéis faireacháin shainithe, ceanglais tuairiscithe shoiléire sna comhaontuithe deontais le tairbhithe, cruinnithe tosaigh le tairbhithe nua, an fhéidearthacht chun deontais a laghdú mura soláthraítear torthaí nó mura gcomhlíontar coinníollacha cistiúcháin áirithe cosúil leis na cinn atá nasctha le cumarsáid.

Cuirtear tairbhithe i gcásanna eisiaimh isteach sa Bhunachar Sonraí Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) agus déantar obair leantach ar chásanna in éineacht le OLAF agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE).

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 2 | 06 01 02 Caiteachas tacaíochta le haghaidh 'AgoraEU' | LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| 2 | 06 03 01 Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr | LD | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| 2 | 06 03 02 MEDIA+ | LD | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| 2 | 06 03 03 CERV+ | LD | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

*3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 2 | |
|---|---|---|

| | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid 06 03 01 Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr | Gealltanais | (1a) | 0.230 | 0.238 | 0.247 | 0.256 | 0.265 | 0.275 | 0.285 | 1.796 |
| | Íocaíochtaí | (2a) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| Líne bhuiséid 06 03 02 MEDIA+ | Gealltanais | (1b) | 0.409 | 0.424 | 0.439 | 0.455 | 0.472 | 0.489 | 0.506 | 3.194 |
| | Íocaíochtaí | (2b) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| Líne bhuiséid 06 03 03 CERV+ | Gealltanais | (1c) | 0.460 | 0.477 | 0.494 | 0.512 | 0.531 | 0.550 | 0.569 | 3.593 |
| | Íocaíochtaí | (2c) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| Lena n-áirítear: 06 03 03 01 Comhionannas, Cearta, Saoránaigh agus Luachanna | Gealltanais | | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| | Íocaíochtaí | | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| Lena n-áirítear: 06 03 03 02 Rannpháirtíocht dhaonlathach agus an smacht reachta | Gealltanais | | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| | Íocaíochtaí | | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| Lena n-áirítear: 06 03 03 03 Daphne | Gealltanais | | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Íocaíochtaí | | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[39][40] | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid 06 01 02 caiteachas tacaíochta le haghaidh AgoraEU | | (3) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe** | Gealltanais | =1a+1b+3 | 1.099 | 1.139 | 1.180 | 1.223 | 1.268 | 1.313 | 1.360 | 8.582 |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **4** | 'Caiteachas riaracháin'[41] |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ard-Stiúrthóireacht: <EAC/CNECT/JUST>** | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | 37.070 | 37.070 | 37.070 | 37.070 | 37.070 | 37.070 | 37.070 | **259.490** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 1.523 | 1.538 | 1.553 | 1.569 | 1585 | 1.602 | 1.619 | **10.988** |
| **IOMLÁN** <…….> | Leithreasuithe | **38.593** | **38.608** | **38.623** | **38.639** | **38.655** | **38.672** | **38.689** | **270.478** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4 den chreat** | (Iomlán na | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

39

40 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

41 Is trí úsáid a bhaint as na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

| airgeadais ilbhliantúil | ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** | Gealltanais | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé le comhlánú i gcás gníomhaireachtaí díláraithe)*

(42) Comhfhreagróidh na táscairí aschuir agus toraidh chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach ag an gclár seo do na comhtháscairí dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht].

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **2028** | | Bliain **2029** | | Bliain **2030** | | Bliain **2031** | | Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál [42] | Meán chosta s | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costa s | Líon | Costa s | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[43]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

[42] Táirgí agus seirbhísí atá le soláthar atá sna haschuir (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

43 Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. 'Cuspóirí sonracha'

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | IOMLÁN 2028 - 2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 37.070 | 37.070 | 37.070 | 37.070 | 37.070 | 37.070 | 37.070 | **259,4900.000** |
| Caiteachas riaracháin eile | 1.523 | 1.538 | 1.553 | 1.569 | 1.585 | 1.602 | 1.619 | **10.988** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | **38.593** | **38.608** | **38.623** | **38.639** | **38.655** | **38.672** | **38.689** | **270,4780.000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | **p.m.** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | **p.m.** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 182 | 182 | 182 | 182 | 182 | 182 | 182 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 28 | 28 | 28 | 28 | 28 | 28 | 28 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta | - sa cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| [XX.01.BB.BB] | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (AC, END – Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (AC, END – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 4 | | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| **IOMLÁN** | | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| [XX.01.BB.BB] | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| (AC, END – Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| (AC, END – Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | **220** | **220** | **220** | **220** | **220** | **220** | **220** |

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag an bhfoireann atá ann faoi láthair agus atá ar fáil i ranna an Choimisiúin** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 4 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | 139 | 43 | Ní bhaineann le hábhar | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | 25 | 3 | 10 | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

| **IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF** | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | **IOMLÁN CAI 2028 - 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 1.804 | 1.804 | 1.804 | 1.804 | 1.804 | 1.804 | 1.804 | **12.628** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 4** | 1.804 | 1.804 | 1.804 | 1.804 | 1.804 | 1.804 | 1.804 | **12.628** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | | | | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 8.500 | 8.500 | 8.500 | 8.500 | 8.500 | 8.500 | 8.500 | **59.500** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 4** | 8.500 | 8.500 | 8.500 | 8.500 | 8.500 | 8.500 | 8.500 | **59.500** |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **10.304** | **10.304** | **10.304** | **10.304** | **10.304** | **10.304** | **10.304** | **72.128** |

*3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

Tá an tionscnamh comhsheasmhach leis an togra le haghaidh CAI 2028- 2034.

*3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[44] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[44] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

### 4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

| Tagairt don cheanglas | Tuairisc ar an gceanglas | Gníomhaithe a ndéanann an ceanglas difear dóibh nó a bhfuil baint aige leo | Próisis Ardleibhéil | Catagóirí |
|---|---|---|---|---|
| Caibidil VI – Airteagal 11 | […] Cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme | An Coimisiún Eorpach; Tairbhithe | Cur chun feidhme an chláir trí Bhainistíocht Deontas Díreach | Réitigh dhigiteacha |
| Caibidil V – Airteagal 10 | [...] lena n-áirítear trí Dheasca Cláir, agus dá réir sin for- rochtain, infheictheacht agus scaipeadh thorthaí an Chláir a fheabhsú. | An Coimisiún Eorpach, Údaráis Náisiúnta; Tairbhithe | Scaipeadh | Réitigh dhigiteacha |
| Caibidil II – Airteagal 4(e) | [...] feabhas a chur ar an mbonn fianaise trí bhailiú agus anailísiú sonraí feabhsaithe [...] | An Coimisiún Eorpach, Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin, Tairbhithe | Ceapadh beartais fianaisebhunaithe, cur chun feidhme agus faireachán an chláir; meastóireacht | Réitigh dhigiteacha, sonraí |
| Caibidil III – Airteagal 5(f) | […] bailiú agus anailísiú sonraí a chothú […] | An Coimisiún Eorpach, Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin, Tairbhithe | Ceapadh beartais fianaisebhunaithe, cur chun feidhme agus faireachán an | Réitigh dhigiteacha, sonraí |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | chláir; meastóireacht | |
| Caibidil III – Airteagal 6(f) | Díriú ar [...] bailiú agus anailísiú sonraí agus forbairt comhchaighdeán [...] | An Coimisiún Eorpach, Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin, Tairbhithe | Ceapadh beartais fianaisebhunaithe, cur chun feidhme agus faireachán an chláir; meastóireacht | Réitigh dhigiteacha, sonraí |

**4.2. Sonraí**

*Tuairisc ardleibhéil ar na sonraí sa raon feidhme agus aon chaighdeán gaolmhar/sonraíocht ghaolmhar*

| Cineál sonraí | Tagairt(í) don cheanglas | Caighdeán agus/nó sonraíocht (más infheidhme) |
|---|---|---|
| Tíortha, eagraíochtaí, buiséad, rannpháirtithe agus tosaíochtaí in aghaidh an tionscadail | Caibidil VI, Airteagal 11<br>Caibidil V, Airteagal 10<br>Caibidil II – Airteagal 4(e)<br>Caibidil III, Airteagal 5(f) agus Airteagal 6(f)<br>Rialachán (AE, Euratom) (202X- XXXX an Rialachán Feidhmíochta) | Ríomhdheontais agus bunachair sonraí aon chomhlachta cur chun feidhme faoi chuimsiú an chláir |

***Ailíniú leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí***

*Mínigh go bhfuil an ceanglas nó na ceanglais ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí*

| |
|---|
| Leis na forálacha faoin togra tacaítear le hidir- inoibritheacht, ath- inúsáidteacht, agus comhroinnt sonraí shlán, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí. I gcás ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta (e.g. rannpháirtithe), ailíníonn sin leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá an ailtireacht comhsheasmhach freisin leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte, ós rud é go bhféadfaidh taighdeoirí nó comhlachtaí poiblí sonraí neamhphearsanta, comhiomlánaithe ábhartha a chur ar fáil lena n-athúsáid. |

**Ailíniú le prionsabal na haonuaire**

*Mínigh gur measadh prionsabal na haonuaire, gur fiosraíodh an fhéidearthacht chun na sonraí atá ann cheana a athúsáid*

| |
|---|
| Is iad na deaiseanna a bhunaítear foinse inrianaitheachta agus ath- inúsáidteachta na sonraí atá ar fáil ó chur chun feidhme an chláir. Tagann sonraí ó fhoirmeacha iarratais, ó thuarascálacha deiridh agus, b'fhéidir, ó dheasca Cláir chomh maith leis sin. |

*Mínigh go bhfuil sonraí nuachruthaithe so- aimsithe, inrochtana, idir- inoibritheach agus in- athúsáidte, agus go gcomhlíontar caighdeáin ardcháilíochta leo*

| |
|---|
| (43) I gcás snáitheanna sonracha den Chlár, áiritheofar inrianaitheacht agus ath- inúsáidteacht na sonraí atá ar fáil ó chur chun feidhme an chláir. Déanfar na sonraí a thaifeadadh trí dhoiciméid shaolré an tionscadail agus déanfar inrochtana iad, i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [feidhmíocht] maidir le trédhearcacht faisnéise maidir le feidhmíocht agus éachtaí clár tríd an Tairseach Aonair. |

**Sreabha sonraí**

| **Cineál sonraí** | **Tagairtí do na ceanglais** | **An gníomhaí a sholáthraíon n na sonraí** | **An gníomhaí a fhaigheann na sonraí** | **Truicear don mhalartú sonraí** | **Minicíocht (más infheidhme)** |
|---|---|---|---|---|---|
| Tíortha, eagraíochtaí, buiséad, rannpháirtithe agus tosaíochtaí | Caibidil VI – Airteagal 11<br>Caibidil V – Airteagal 10 | Tairbhithe, Deasca Cláir | An pobal i gcoitinne<br>An Coimisiún<br>Parlaimint na | Rialachán (AE, Euratom) [202X- XXXX an Rialachán Feidhmíochta]: Airteagal XXX | Rialachán (AE, Euratom) [202X- XXXX an Rialachán Feidhmíochta] Airteagal XXX (faireachán) agus |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| in aghaidh an tionscadail | Caibidil II – Airteagal 4(e)<br><br>Caibidil III, Airteagal 5(f) agus Airteagal 6(f)<br><br>Rialachán (AE, Euratom) [202X- XXXX an Rialachán Feidhmíochta] | | hEorpa<br><br>Comhairle an Aontais Eorpaigh | (faireachán) agus Airteagal XXX (tuarascáil ar chur chun feidhme agus meastóireachtaí siarghabhálacha).<br><br>Tuairisciú tráthrialta ar chláir | Airteagal XXX (tuarascáil ar chur chun feidhme agus meastóireachtaí siarghabhálacha). |

### 4.3. Réitigh dhigiteacha

| **Réiteach digiteach** | **Tagairtí do na ceanglais** | **Na príomhfheidhmiúlachtaí sainordaithe** | **An comhlacht atá freagrach** | **Conas a dhéantar freastal ar an inrochtaineacht?** | **Conas a chuirtear an ath-inúsáidteacht san áireamh?** | **Úsáid teicneolaíochtaí IS (más infheidhme)** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Réiteach digiteach #1 – Ardán um Dheontais Dhíreacha a Bhainistiú | Caibidil VI – Airteagal 11 | Bainistiú Deontas Díreach | An Coimisiún Eorpach | I gcomhréir leis an gCaighdeán ón gCoimisiún | // | Déanfaidh an t-ardán úsáid na hintleachta saorga a ghiaráil i gcás inarb ábhartha agus cloífidh sé le prionsabal an réamhchúraim. |
| Réiteach digiteach #2 — Ardá(i)n scaipthe | Caibidil V – Airteagal 10 | Torthaí an Chláir a Scaipeadh | An Coimisiún Eorpach | I gcomhréir leis an gCaighdeán ón gCoimisiún | // | Déanfaidh an t-ardán úsáid na hintleachta saorga a ghiaráil i gcás inarb ábhartha agus |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | cloífidh sé le prionsabal an réamhchúraim. |

**Réiteach digiteach #1 – Ardán um Dheontais Dhíreacha a Bhainistiú**

| **Beartas digiteach agus/nó earnálach (i gcás inarb infheidhme)** | **Míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ailínithe** |
|---|---|
| ***An Gníomh um an Intleacht Shaorga*** | Agus IS á ghiaráil aige, áiritheoidh an Coimisiún Eorpach go gcomhlíonfar an Gníomh um an Intleacht Shaorga. |
| ***Creat Cibearshlándála an Aontais*** | Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh an Coimisiún Eorpach slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bailíodh agus a stóráladh chun críoch an Rialacháin seo. |
| ***eIDAS*** | Neamhbhainteach |
| ***Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI*** | Neamhbhainteach |
| ***Eile*** | // |

**Réiteach digiteach #2 – Ardá(i)n scaipthe**

| **Beartas digiteach agus/nó earnálach (i gcás inarb infheidhme)** | **Míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ailínithe** |
|---|---|
| ***An Gníomh um an Intleacht Shaorga*** | Agus IS á ghiaráil aige, áiritheoidh an Coimisiún Eorpach go gcomhlíonfar an Gníomh um an Intleacht Shaorga. |

| | |
|---|---|
| ***Creat Cibearshlándála an Aontais*** | Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh an Coimisiún Eorpach slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bailíodh agus a stóráladh chun críoch an Rialacháin seo. |
| ***eIDAS*** | Neamhbhainteach |
| ***Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI*** | Neamhbhainteach |
| ***Eile*** | // |

### *4.4. Measúnú idir-inoibritheachta*

Neamhbhainteach

### **4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach**

| **Tuairisc ar an mbeart** | **Tagairtí do na ceanglais** | **Ról an Choimisiúin** (más infheidhme) | **Na gníomhaithe atá le bheith rannpháirteach** (más infheidhme) | **An amlíne lena bhfuil coinne** (más infheidhme) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |